Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023
(OR. en)

10133/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0163(COD)**

TRANS 222
MAR 81
CODEC 1017

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 269 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 269 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 269 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2023
COM(2023) 269 final

2023/0163 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2023) 147 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Leagadh na chéad bhunchlocha den bheartas Eorpach um shábháilteacht mhuirí ag tús na 1990idí, tar éis dhá thimpiste a tharla i ndáil le tancaeir ola, ceann amháin sa Mhuir Aeigéach (1992) agus an ceann eile a bhain le Braer (1993). Agus an trádáil idirnáisiúnta ag dul i méid, agus margadh inmheánach an Aontais ag éirí níos doimhne, tá méadú tagtha ar ghníomhaíochtaí loingseoireachta san Eoraip agus sna huiscí timpeall uirthi. An tráth céanna, tugadh aitheantas do na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí loingseoireachta, agus leagadh béim ar an ngá atá le gníomhaíocht Eorpach níos láidre i leith na sábháilteachta muirí. Tugadh isteach rialacha maidir le rialú Stáit ar chalafoirt agus na cumainn aicmiúcháin (ROnna) cheana féin sna nóchaidí. Tháinig dlús nach beag le hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais sa réimse tar éis na dtimpistí a tharla i ndáil leis na tancaeir ola Erika (1999) agus Prestige (2002). Trí dhamáiste lenar bhain costais fhíorarda a dhéanamh don chomhshaol, agus d'earnálacha an iascaigh agus na turasóireachta chomh maith, cuireadh i dtábhacht leis na timpistí sin an gá atá le huasghrádú a dhéanamh ar chreat dlíthiúil an Aontais maidir le sábháilteacht mhuirí agus an gá atá le bearta praiticiúla chun truailliú a chosc agus chun freagairt dó. De bharr na timpiste a bhain leis an tancaer ola *Erika*, rinneadh na tograí *Erika I* (COM (2000) 142) agus *Erika II* (COM (2000) 802), ar tograí le haghaidh pacáiste um shábháilteacht mhuirí iad. Cuimsíodh sna tograí sin faoi seach sraith beart gearrthéarmach agus sraith gníomhaíochtaí ní ba chasta agus ní b'fhadtéarmaí, arbh é is aidhm dóibh an beartas Eorpach um shábháilteacht mhuirí a fheabhsú.

Go háirithe, le *Erika II* beartaíodh go mbunófaí an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) ('an Ghníomhaireacht') chun tacú leis an gCoimisiún agus le Ballstáit an Aontais chun reachtaíocht an Aontais i réimse na sábháilteachta muirí a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh uirthi, chomh maith le meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá sí. Bunaíodh EMSA ansin le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 an 27 Meitheamh 2002, agus é mar chuspóir dó 'leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach de shábháilteacht mhuirí agus cosc ar thruailliú ó longa laistigh den Chomhphobal' a áirithiú.

Tar éis an Rialachán bunaidh a ghlacadh, le leasuithe i ndiaidh a chéile leathnaíodh cuspóirí agus cúraimí na Gníomhaireachta ar bhonn forchéimnitheach chun a gníomhaíochtaí a oiriúnú d'fhorbairtí ar bheartas muirí an Aontais. Modhnaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 cúig huaire ó 2002 i leith, mar gheall ar athruithe ar reachtaíocht mhuirí an Aontais go príomha.

Bhí EMSA faoi réir meastóireacht sheachtrach in 2017, agus thángthas ar an gconclúid inti, cé gurb oiriúnach a cuspóirí, a gníomhaíochtaí agus a aschuir, go bhféadfadh sé go bhfuil gá le hathruithe ar a sainordú chun í a oiriúnú d'fhorbairtí sa reachtaíocht, san earnáil agus sna tosaíochtaí polaitiúla atá ag teacht chun cinn.

Thairis sin, leis an gComhaontú Glas don Eoraip a fógraíodh i mí na Nollag 2019, cuireadh i dtábhacht an gá atá le dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar truaillithe nialasaigh agus aeráidneodrach, lena n- áirítear tríd an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus athruithe suntasacha ann i dtreo breoslaí níos glaine agus iompar níos inbhuanaithe san earnáil muirí. Leis an straitéis nua sin cuireadh leis na rialacha a tugadh isteach in 2012 maidir le cion

sulfair na mbreoslaí muirí[1] agus le rialacha 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí CO2[2]. Chun é sin a bhaint amach, ghlac an Coimisiún an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste i mí na Nollag 2020, agus áiríodh uirthi sin athbhreithniú ar Rialachán bunaidh EMSA ('Gníomhaíocht 77' den Phlean Gníomhaíochta a ghabhann leis an Straitéis[3]).

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar shainordú na Gníomhaireachta ar na cúiseanna seo a leanas: (1) ní léirítear leis raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéanann EMSA faoi láthair mar is ceart mar gheall ar riachtanais athraitheacha na hearnála muirí agus creat rialála nua an Aontais sa réimse; (2) ní léirítear le forálacha riaracháin agus airgeadais an tsainordaithe an creat rialála is déanaí de chuid an Aontais maidir le rialachas gníomhaireachtaí; agus (3) tá an Ghníomhaireacht faoi bhrú ó thaobh acmhainní de chun na cúraimí atá uirthi faoi láthair agus na cúraimí agus na gníomhaíochtaí nua a eascraíonn as riachtanais na hearnála a chomhlíonadh, amhail an t- aistriú glas, nó forbairtí reachtacha, amhail an pacáiste nua um shábháilteacht mhuirí.

Is é is aidhm don athbhreithniú atá beartaithe ar shainordú EMSA na nithe seo a leanas a dhéanamh: (1) na cúraimí agus na cuspóirí atá ag an nGníomhaireacht faoi láthair a dhaingniú agus a léiriú ar bhealach níos fearr ina Rialachán bunaidh chun go mbeidh sainordú dlíthiúil uirthi iad sin a chomhlíonadh agus tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún leis an gcúnamh teicniúil, oibríochtúil agus eolaíoch is gá chun sábháilteacht agus slándáil mhuirí, in éineacht le haistriú glas agus digiteach na hearnála a áirithiú; (2) a áirithiú go mbeidh Rialachán bunaidh EMSA slán i bhfad na haimsire trína dhóthain solúbthachta a cheadú chun cúraimí nua a ionchorprú lena dtugtar aghaidh ar riachtanais athraitheacha na hearnála muirí; agus (3) a áirithiú go mbeidh acmhainní oiriúnacha daonna agus airgeadais ag an nGníomhaireacht chun a ról a chomhlíonadh.

Ó 2002 i leith, nuair a glacadh an bun- Rialachán bunaidh, rinneadh roinnt forbairtí san earnáil muirí. Dá thoradh sin, leasaíodh Rialachán bunaidh na Gníomhaireachta cúig huaire, agus leis an leasú in 2013 rinneadh idirdhealú idir cúraimí lárnacha agus cúraimí coimhdeacha, ar leasú é nach bhfuil feidhm leis a thuilleadh. Thairis sin, leasaíodh rialacha maidir le rialachas riaracháin agus airgeadais Ghníomhaireachtaí an Aontais freisin ó rinneadh an leasú substaintiúil deiridh ar ghníomh bunaidh na Gníomhaireachta in 2013. Le struchtúr an tsainordaithe sin atá as feidhm anois, mar aon leis an ngá atá le cúraimí nua EMSA a ionchorprú agus a léiriú i réimsí na sábháilteachta, na hinbhuanaitheachta, an dícharbónaithe, na slándála agus na cibearshlándála, an fhaireachais agus an chúnaimh mhuirí maidir le géarchéimeanna bainistíochta, éilítear go gcuirfí Rialachán nua EMSA in ionad an Rialacháin bunaidh.

1 Treoir 2012/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena leasaítear Treoir 1999/32/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cion sulfair na mbreoslaí muirí, arna ionadú cheana ag Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe a laghdú

2 Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé- ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí, COM/2020/789 final

Le Rialachán nua cuideofar freisin chun struchtúr an ghnímh dlí a shoiléiriú (e.g. tríd an idirdhealú idir cúraimí lárnacha agus cúraimí coimhdeacha a bhaint, agus cúraimí nua a thabhairt isteach i ngach snáithe de ghníomhaíocht na Gníomhaireachta). Dá thoradh sin, leis an Rialachán nua déanfar na cúraimí a léirítear cheana i sainordú na Gníomhaireachta roimhe seo a choinneáil ar bun agus an tráth céanna léireofar na cúraimí nua agus tabharfar na forálacha riaracháin agus airgeadais cothrom le dáta, á n- ailíniú leis an gcreat nua.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Sainordaítear leis an Rialachán go dtabharfaidh EMSA cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún ar bhonn teicniúil agus oibríochtúil i raon leathan gníomhaíochtaí a eascraíonn as píosaí éagsúla den reachtaíocht mhuirí.

Maidir le sábháilteacht mhuirí, léirítear leis an Rialachán cúnamh EMSA don Choimisiún agus do na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglas stát brataí a chomhlíonadh, Threoir 2009/16/CE maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt, agus Threoir 2009/18/CE lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí san earnáil iompair mhuirí. Cuirtear san áireamh san athbhreithniú tograí nua an Choimisiúin chun na trí Threoir sin a leasú. Thairis sin, tá naisc ag an Rialachán freisin le reachtaíocht an Aontais i ndáil le sábháilteacht agus clárú long d’iompar paisinéirí, go háirithe Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí agus Treoir 98/41/CE ón gComhairle maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d’iompar paisinéirí ag oibriú le dul isteach agus amach as calafoirt Bhallstáit an Chomhphobail. Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de bhunachair sonraí agus uirlisí ábhartha a fhorbairt lena dtacaítear le cur chun feidhme na dTreoracha sin agus leanúint de chúnamh a thabhairt ar bhonn gníomhach le haghaidh sábháilteacht fhoriomlán long d’iompar paisinéirí. Ina theannta sin, moltar leis an Rialachán go leanfaí leis an gcúnamh ón nGníomhaireacht chun na rialacha maidir le ‘heagraíochtaí aitheanta’ a chur chun feidhme, faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d’eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge chomh maith le Treoir 2014/90/AE maidir le Trealamh Muirí agus Treoir (AE) 2022/993 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe.

I réimse na hinbhuanaitheachta, ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint lena cúnamh agus é a leathnú maidir le cur chun feidhme na rialacha nua a mholtar maidir le truailliú ó longa[4] agus maidir le pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach, agus an tráth céanna leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme Threoir chomhlántach (AE) 2019/883 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa. Sainordaítear leis an togra freisin go leanfaidh an Ghníomhaireacht de thacú le Treoir 2008/56/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) agus le Treoir (AE) 2016/802 maidir leis an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe a laghdú. Ar deireadh, léirítear leis an togra obair na Gníomhaireachta atá ar bun faoi láthair i ndáil le tacú le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 maidir le hathchúrsáil long.

Sa réimse a bhaineann le dícharbónú na loingseoireachta, tá coinne leis go dtacóidh an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit le linn dóibh rialacha nua maidir le húsáid breoslaí in- athnuaite agus breoslaí ísealcharbóin san iompar muirí a chur chun feidhme in éineacht leis na rialacha sin a eascraíonn as an síneadh a cuireadh le Córas Trádála

[4] Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach, IO L 255, 30.9.2005, lch. 11.

Astaíochtaí an Aontais chuig an muiriompar[5]. Cuirfear na gníomhaíochtaí sin leis na seirbhísí a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht cheana féin agus leanfar de cheangal a bheith uirthi tacaíocht a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé- ocsaíde carbóin ón muiriompar.

I réimse na slándála moltar leis an Rialachán go leanfar leis an gcúnamh atá á thairiscint ag an nGníomhaireacht don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú.

I dtéarmaí faireachán agus faireachas a dhéanamh ar shuíomh long ar muir, tá an togra comhsheasmhach leis na cúraimí atá á seachadadh ag an nGníomhaireacht cheana féin maidir le cur chun feidhme Threoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail.

Ar deireadh, tá an togra comhsheasmhach leis na cúraimí a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (AE) 2019/1239 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (EMSWe) lena sainordaítear go leanfaidh an Ghníomhaireacht de chúnamh a thabhairt don Choimisiún sna cúraimí sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an togra tacaítear le cur chun feidhme bheartas agus thosaíochtaí polaitiúla an Aontais mar a léirítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip, sa Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste agus sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Tá sé i gcomhréir freisin le gníomhaíochtaí a fógraíodh le déanaí maidir le réimse na slándála muirí agus an Teachtaireacht nua ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí a glacadh maidir le Straitéis fheabhsaithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh chun úsáid shíochánta na bhfarraigí a áirithiú agus chun an réimse muirí a chosaint in aghaidh bagairtí nua[6].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Bunaítear le Teideal VI (Airteagail 90-100) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) sainphribhléid an Aontais chun forálacha a dhéanamh maidir leis an gComhbheartas Iompair agus dá bhrí sin, tá an ceart ag an Aontas gníomhú faoin gConradh tríd an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí a bhunú. De bhun Airteagal 100(2) CFAE, féadfaidh reachtóir an Aontais forálacha iomchuí a leagan síos maidir le muiriompar. Foráiltear le hAirteagal 91(1)(a) CFAE go bhfuil inniúlacht ag an Aontas i réimse an iompair chun rialacha comhchoiteanna is infheidhme maidir le hiompar idirnáisiúnta a leagan síos. Ina leith sin, bheadh an Rialachán atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, a bhí ina bhunús dlí le haghaidh Rialachán 1406/2002.

---

5 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle, IO L 275, 25.10.2003, lch. 32

6 Teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an nuashonrú ar Straitéis Mhuirshlándála an Aontais agus ar an bPlean Gníomhaíochta a ghabhann léi 'Straitéis fheabhsaithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh le haghaidh bagairtí muirí atá ag síorathrú', JOIN(2023) 8 final

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Déantar prionsabal na coimhdeachta a urramú ina iomláine ós rud é go bhfuil gá le hidirghabháil ón Aontas chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún an leibhéal is gá de shábháilteacht mhuirí, slándáil mhuirí agus cosaint na muirthimpeallachta laistigh den Aontas Eorpach a bhaint amach.
Ina theannta sin, tugadh aitheantas dá éifeachtaí atá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ó bunaíodh an Ghníomhaireacht in 2002 agus aithnítear gur gá Gníomhaireacht Aontais dhíláraithe a bhunú a thabharfaidh cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit sna réimsí beartais ábhartha ós rud é nach bhféadfaí cuid mhór de na cúraimí a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais sa réimse muirí a sheachadadh ar an leibhéal céanna cáilíochta nó go bhfuil baol dúblála iarrachtaí ann i measc na mBallstát murach EMSA.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach ós rud é gurb é an t- aon bhealach é chun teacht ar na hathruithe is gá ar shainordú na Gníomhaireachta.
Níl sé i gceist go ngabhfadh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ionad gníomhartha ná údarás náisiúnta ná níl sé i gceist acu a n- ábharthacht a cheistiú. Ní áirítear cúraimí nua don Ghníomhaireacht sa togra seachas na cúraimí atá déanta aici cheana sna blianta roimhe sin chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na réimsí ábhartha beartais, chomh maith leis na cúraimí nua a eascraíonn as an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' agus as an bpacáiste muirí. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra an staid mar atá faoi láthair a léiriú ar bhealach níos fearr i dtéarmaí dlíthiúla.

- **An rogha ionstraime**

Ó tharla gurb é is aidhm don togra seo é a chur in ionad Rialacháin atá ann cheana, meastar gurb é Rialachán an ionstraim is iomchuí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh dhá mheastóireacht sheachtracha ar shainordú EMSA, in 2008 agus in 2017 faoi seach. Sa chéad cheann soláthraíodh measúnú dearfach ar an nGníomhaireacht ar an bhforiomlán, agus thángthas ar an gconclúid ann gur 'líon sí bearna i réimse na sábháilteachta muirí san Aontas Eorpach'[7]. Cuireadh sraith de 11 mholadh i láthair inti, ar moltaí iad a suíodh i meastóireacht 2017 gur cuireadh chun feidhme ina n- iomláine iad. Sa dara ceann, inar díríodh ar an tréimhse 2013-2016, athdheimhníodh an measúnú a bhí dearfach ar an bhforiomlán sa staidéar roimhe sin ar an nGníomhaireacht, agus thángthas ar an gconclúid go raibh príomhról ag EMSA maidir le 'muirthimpeallacht níos sábháilte agus níos sláine chomh

[7] COWI, Meastóireacht ar an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, Aibreán 2008, lch. 60 pdf

maith le hinniúlacht mhéadaithe na mBallstát chun Truailliú Muirí a chosc agus chun freagairt dó'[8].

D'ainneoin na measúnuithe sin a bhí dearfach ar an bhforiomlán, cuireadh i dtábhacht i meastóireacht 2017 gur dócha go mbeadh gá le sainordú feabhsaithe as sin amach, rud a cheadódh do EMSA tacaíocht níos fearr a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit, agus don tionscal muirí go hindíreach. Ar an bhforiomlán, thángthas ar an gconclúid i meastóireacht 2017 'go mbeadh tionchair dhiúltacha nach beag ar shábháilteacht mhuirí agus ar shlándáil mhuirí san Eoraip dá scoirfí de shainordú EMSA nó dá laghdófaí é'[9].

Rinneadh measúnú sonrach freisin in 2017 ar chostéifeachtacht agus costéifeachtúlacht sheirbhísí freagartha EMSA um thruailliú ola[10]. Suíodh sa dara ceann gur chomhlíon EMSA a shainordú go sásúil, ar shainordú é a bhain le cúnamh agus tacaíocht oibriúcháin a sholáthar i leith truailliú ola. Go sonrach, suíodh go raibh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta costéifeachtach ina leith sin, má chuirtear i gcomparáid iad leis na hiarmhairtí eacnamaíocha a bheadh ann de bharr easpa inniúlachta ar a taobhsa chun freagairt do dhoirteadh ola agus a chuirfeadh cosc uirthi líne an chladaigh a bhaint amach. Soláthraíodh sraith moltaí sa mheasúnú chun feabhas a chur ar an bhfreagairt oibríochtúil.

Ar deireadh, rinne an Coimisiún Seiceáil Oiriúnachta ar Straitéis Iompair Mhuirí 2009 de chuid an Aontais (2018)[11]. Cuireadh i dtábhacht san athbhreithniú sin rannchuidiú EMSA le rannpháirtíocht an Aontais san iompar muirí, arbh é a bhí i gceist leis oiliúint, fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus bunachair sonraí choiteanna a sholáthar. Go háirithe, cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil breisluach EMSA i dtéarmaí an róil atá aici maidir le forbairt córas ar leibhéal an Aontais a óstáil agus a chur chun cinn, amhail SafeSeaNet, THETIS agus, ar bhonn níos lú, bunachar sonraí an Ardáin Eorpaigh um Fhaisnéis faoi Thaismigh Mhuirí (EMCIP) le haghaidh imscrúdú ar thionóiscí. Sa chomhthéacs sin, moladh leis an tSeiceáil Oiriúnachta go leanfaí d'inniúlachtaí EMSA a fhorbairt, agus go ndíreofaí ar chórais dhigiteacha, feidhmchláir agus bunachair sonraí EMSA a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh iontu.

---

8 Ramboll Management Consulting, Meastóireacht ar Chur Chun Feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mBunaítear EMSA, Bealtaine 2017, lch. 156 http://www.emsa.europa.eu/publications/item/3092-emsa-guidance-on-the-inventory-of-hazardous-materials-3092.html

9 Ramboll Management Consulting, Meastóireacht ar Chur Chun Feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mBunaítear EMSA, Bealtaine 2017, lch. 155 http://www.emsa.europa.eu/publications/item/3092-emsa-guidance-on-the-inventory-of-hazardous-materials-3092.html

10 Ramboll Management Consulting, Staidéar ar Chostéifeachtacht agus Costéifeachtúlacht Sheirbhísí Freagartha EMSA um Thruailliú Ola, Aibreán 2017, https://ec.europa.eu/transport/sites/default/files/2018-cost-effectiveness-and-efficiency-of-emsa-oil-pollution-response-services.pdf

11 Seiceáil Oiriúnachta um Iompar Muirí ar an reachtaíocht maidir le freagrachtaí stát brataí, imscrúdú ar thionóiscí, rialú Stáit ar chalafoirt, an córas faireacháin agus faisnéise ar thrácht soithí, agus na foirmiúlachtaí tuairiscithe do longa a thagann isteach agus/nó a imíonn ó chalafoirt na mBallstát, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Bealtaine 2018, https://ec.europa.eu/transport/sites/default/files/3rd-mobility-pack/swd20180228-fitness-check.pdf

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

  Ba iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí comhairliúcháin chun tacú leis an togra atá ann faoi láthair:

  – Comhairliúchán Poiblí Oscailte, arna eagrú ag an gCoimisiún, a bhí ar siúl ón 28 Márta 2022 go dtí an 20 Meitheamh 2022. Ba bheag an t- ionchur ó pháirtithe leasmhara, áfach, agus níor chuir ach 15 fhreagróir freagraí isteach.

  – Dhá shuirbhé spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara chun faisnéis shonrach a bhailiú, ceann amháin ar an liosta de na cúraimí a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa sainordú nua, agus fuarthas 122 fhreagra ina leith sin, ó údaráis na mBallstát go príomha, agus an ceann eile ar mheastacháin chostais maidir le coigilteas a eascraíonn as cúraimí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais seachas sna Ballstáit ar bhonn aonarach. Bhí an chéad suirbhé ar líne ar siúl ó mhí an Mhárta 2022 go mí Aibreáin 2022, agus reáchtáladh an dara ceann ó mhí na Samhna 2022 go mí na Nollag 2022.

  – Rinneadh 26 agallamh spriocdhírithe san iomlán le hionadaithe na bpríomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais, arna n- eagrú ag an sainchomhairleoir a bhí i gceannas ar an staidéar tacaíochta seachtrach, a reáchtáladh go treallach ó mhí Eanáir 2022 go mí Iúil 2022, chun iarrataí sonracha ar fhaisnéis a dhéanamh.

  – Reáchtáil conraitheoir an staidéir tacaíochta dhá cheardlann freisin i gcomhar le saineolaithe ón earnáil muirí an 13 Nollaig 2021 agus an 4 Márta 2022 chun dul i gcomhairle leo maidir le gnéithe éagsúla den athbhreithniú.

  – Gníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe breise arna n- eagrú ag an gCoimisiún chun dul i gcomhairle leis na Ballstáit maidir leis na bearta beartais agus chun dul chun cinn an athbhreithnithe a bhailíochtú. Rinneadh na gníomhaíochtaí sin i gcomhthéacs dhá chruinniú de chuid Choiste an Aontais um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (an 2 Meitheamh 2022 agus an 29 Samhain 2022) agus ceardlann leis na Stiúrthóirí Muirí ó na Ballstáit an 17 Bealtaine 2022.

  – Bhí tuairimí na bpáirtithe leasmhara i gcomhréir leis an ngá atá leis na cúraimí atá ag an nGníomhaireacht faoi láthair ina sainordú a léiriú ar bhealach níos fearr, ar sainordú é a ndearna formhór na bpáirtithe leasmhara amach go raibh sé as dáta, go háirithe i réimsí na hinbhuanaitheachta, an dícharbónaithe agus an digitithe san earnáil muirí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cuirtear le staidéar tacaíochta seachtrach sa togra inar breathnaíodh ar na fadhbanna a bhaineann leis an sainordú atá ag an nGníomhaireacht faoi láthair agus ar na cúraimí nach mór a léiriú i gceart, agus bhí cuid níos mó de tiomnaithe do na cúraimí ar ghá iad a leathnú tuilleadh chun go dtacóidh an Ghníomhaireacht leis na Ballstáit agus leis an earnáil ar bhealach níos fearr maidir leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo, go háirithe aistrithe glasa agus digiteacha na hearnála.

- **Measúnú tionchair**

Beartaítear athruithe leis an togra ar Rialachán bunaidh EMSA a eascróidh go hiomlán as oibleagáidí a tugadh isteach cheana féin nó a beartaíodh le píosaí eile reachtaíochta agus ar gá

iad a léiriú ar bhealach níos fearr i dtéarmaí dlíthiúla dá bhrí sin. Léirítear ann freisin na cúraimí atá ag EMSA faoi láthair nach luaitear go sonrach ina sainordú, d'ainneoin gur cuid mhór dá táirgí insoláthartha anois iad.

Cé go raibh sé beartaithe an t- athbhreithniú a chumhdach le measúnú tionchair ar dtús, ba léir sa deireadh gurbh é an cuspóir beartais ab fhearr, arbh é an cuspóir ab fhearr leis na páirtithe leasmhara é freisin, gan ról na Gníomhaireachta a athrú ó bhonn trí Ghníomhaireacht de chineál rialála a dhéanamh di, ach ina ionad sin léargas níos fearr a thabhairt ar an ról atá aici faoi láthair agus ar na cúraimí atá déanta aici ar bhonn na sásraí solúbthachta a cuireadh san áireamh cheana féin ina sainordú.

Ba é an chonclúid a baineadh as na hábhair mhachnaimh thuas nach raibh aon rogha beartais ann le cuimhneamh uirthi i measúnú tionchair, ar rogha í lena ngabhfadh réitigh a bheadh éagsúil go hábhartha; agus measadh gurbh iomchuí na cúraimí a eascraíonn as píosaí eile reachtaíochta nó na cúraimí a rinne an Ghníomhaireacht cheana féin, a bhuí leis an tsolúbthacht a soláthraíodh ina sainordú, a ailíniú leis an mbonnlíne. Dá bhrí sin, i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr, ní dhearnadh measúnú tionchair lánfheidhme.

Mar sin féin, tá doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an togra ina soláthraítear faisnéis chúlra maidir leis an nGníomhaireacht agus ina mínítear na cúiseanna atá leis an ngá a Rialachán bunaidh a leasú agus a cúraimí a leathnú agus ina leagtar amach na hacmhainní atá beartaithe lena leithdháileadh ar gach ceann díobh.

Tugtar tuairisc sa doiciméad inmheánach oibre ar an ngá soiléir atá leis an sainordú a thabhairt cothrom le dáta agus a uasghrádú chun an méid atá á dhéanamh ag an ngníomhaireacht faoi láthair agus an méid ar cheart di a dhéanamh sna blianta amach romhainn i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais agus le riachtanais na mBallstát agus na hearnála araon a léiriú ar bhealach níos fearr.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar díreach ag an athbhreithniú ann féin ar chearta bunúsacha. Is sonraí staidrimh iad na sonraí arna mbailiú ag an nGníomhaireacht agus thar a ceann, agus déantar aon sonra a bhailítear thar ceann maraithe a anaithnidiú. Dá bhrí sin, ní dhéantar difear d'Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha ('cosaint sonraí pearsanta'). Níl aon tionchar ag an togra ar chearta bunúsacha eile.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Bheadh tionchar ag an togra reachtach seo ar riachtanais bhuiséadacha agus foirne na Gníomhaireachta mar a fhoráiltear faoi láthair sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus nach leor chun na cúraimí ba cheart don Ghníomhaireacht a dhéanamh. Meastar go mbeadh gá le buiséad breise tuairim is EUR 50,997 milliún agus tuairim is 33 post breise don chuid eile den tréimhse den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag an nGníomhaireacht chun a sainordú athbhreithnithe a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, i dtaca leis na cúraimí nua don Ghníomhaireacht atá beartaithe sa togra reachtach seo, tá gá le hathneartaithe breise airgeadais agus daonna i gcomparáid leis na hacmhainní atá curtha in áirithe sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 arna ghlacadh, ina ndéantar foráil maidir le méadú bliantúil 2 % ar ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht.

Déanfar tionchar buiséadach na n- acmhainní airgeadais breise do Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais a fhritháireamh trí laghdú cúiteach ó chaiteachas cláraithe faoi Cheannteideal 1

agus ba cheart riachtanais acmhainní na Gníomhaireachta le linn na tréimhse 2021-2027 a chobhsú leis. Tá gealltanas tugtha ag an nGníomhaireacht freisin maidir le plean um ath- imlonnú inmheánach lena gcumhdaítear cuid de na riachtanais chun na cúraimí a bheartaítear leis an togra seo a atreisiú trí 7 bpost a athrú go hinmheánach. Sula molfaidh sé aon síneadh breise ar chúraimí dá n- éilítear tuilleadh acmhainní, leanfaidh an Coimisiún, agus cúnamh á fháil aige ón nGníomhaireacht, de scagadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus acmhainní EMSA chun a áirithiú don todhchaí freisin go n- úsáidfear gach féidearthacht maidir le hath- imlonnú laistigh den Ghníomhaireacht.

Déantar na ríomhanna mionsonraithe a bhaineann leis na himpleachtaí buiséadacha agus na hacmhainní daonna agus riaracháin a éilítear don togra seo a chomhtháthú sa ráiteas airgeadais reachtach.

Áirítear leis an impleacht bhuiséadach ar a dtugtar tuairisc sa roinn seo agus sa ráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal an impleacht bhuiséadach fhoriomlán a bheidh ag an Rialachán nua lena mbunaítear EMSA agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, agus chomh maith leis sin an impleacht bhuiséadach a bheidh ag (i) athbhreithniú ar Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglais stát brataí; (ii) athbhreithniú ar Threoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt; (iii) athbhreithniú ar Threoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú ar thionóiscí; agus (iv) athbhreithniú ar Threoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar impleacht bhuiséadach na gceithre thogra deiridh sin i ngach ceann de na ráitis airgeadais reachtacha faoi seach.

Is forbhreathnú táscach é an impleacht bhuiséadach i ndiaidh an CAI atá i bhfeidhm faoi láthair, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is iad na sásraí is infheidhme faoin Rialachán seo a dhéanfadh faireachán agus meastóireacht ar shainordú na Gníomhaireachta den chuid is mó. Déantar foráil in Airteagal 41 maidir le meastóireacht ina measúnaítear, go háirithe, tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na Gníomhaireachta agus a cleachtas oibre agus ina bhféadfar aghaidh a thabhairt ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann struchtúr, oibríocht, réimse gníomhaíochta agus cúraimí na Gníomhaireachta a mhodhnú, agus ar na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú den sórt sin. Sa bhreis ar an meastóireacht sin, bainfidh an Coimisiún leas as sonraí as ionadaíocht a dhéanamh air i gcruinnithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta agus as maoirseacht a dhéanamh air, in éineacht leis na Ballstáit, ar obair na Gníomhaireachta.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Sa roinn seo tugtar barúlacha ar phríomhfhorálacha Rialachán nua EMSA agus mínítear iad, nuair is gá i ndáil le leasuithe ar bhuntéacs Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.

CAIBIDIL I ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS CUSPÓIRÍ:

Airteagal 1 go 2: Tugadh isteach airteagal maidir le hábhar agus raon feidhme mar aon le hairteagal ar leithligh maidir le cuspóirí na Gníomhaireachta. Leis an dá Airteagal sin léirítear Airteagal 1 a bhí ann roimhe seo maidir le cuspóirí agus rinneadh athbhreithniú orthu chun

cúraimí nua na Gníomhaireachta a léiriú i réimsí na hinbhuanaitheachta, an dícharbónaithe, an digitithe, an fhaireachais agus na feasachta muirí.

CAIBIDIL II CÚRAIMÍ NA GNÍOMHAIREACHTA:

Tugtar tuairisc sa chaibidil nua seo ar chúraimí na Gníomhaireachta trí dheireadh a chur leis an idirdhealú idir cúraimí lárnacha agus coimhdeacha agus ina ionad sin leantar cur chuige téamach ó thacaíocht chothrománach chomh fada le cúraimí sna réimsí a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, inbhuanaitheacht, dícharbónú, slándáil agus cibearshlándáil, faireachas muirí agus géarchéimeanna, digitiú agus simpliú agus cuairteanna agus cigireachtaí.

Áirítear in Airteagal 3 an tsolúbthacht atá ann cheana in Airteagal 2 sa sainordú roimhe seo chun go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le haon chúram a thagann faoi inniúlachtaí na Gníomhaireachta. Áirítear sna hAirteagail cúnamh don Choimisiún maidir le reachtaíocht nua a ullmhú ach chomh maith leis sin maidir le haon phíosa reachtaíochta eile lena sanntar cúraimí don Choimisiún a bhféadfadh cúnamh ón nGníomhaireacht a bheith de dhíth ina leith, agus comhfhreagraíonn na cúraimí sin do na cúraimí faoi Airteagal 2(2), pointí (a) go (d) den sainordú roimhe seo. Áirítear leo freisin cúnamh oibríochtúil agus teicniúil do na Ballstáit le haghaidh aon chúraim a thagann faoina chuspóirí a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 2(3), pointí (a) agus (b) den sainordú roimhe seo. Tá sé i gceist leis an Airteagal seo solúbthacht a sholáthar don sainordú agus é a dhéanamh slán i bhfad na haimsire le haghaidh cúraimí nua a d'fhéadfadh eascairt as reachtaíocht amach anseo i réimse riachtanais na hearnála.

Áirítear le hAirteagal 4 cúraimí na Gníomhaireachta i réimse na sábháilteachta muirí, agus coinnítear na cúraimí sin a fhorordaítear in Airteagal 2(4), pointí (c) agus (e) den sainordú roimhe seo. Léirítear ann freisin gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i bpíosaí eile reachtaíochta, go háirithe an rialú Stáit ar bhratacha agus ar chalafoirt mar a bheartaítear iad a leasú, an reachtaíocht maidir le sábháilteacht long paisinéirí, na heagraíochtaí aitheanta, lena n- áirítear Airteagal 2(3)(c) den sainordú roimhe seo, an Treoir maidir le trealamh muirí agus an obair ar longa uathrialaitheacha.

Áirítear le hAirteagal 5 cúraimí na Gníomhaireachta i réimse na hinbhuanaitheachta, agus coinnítear na cúraimí sin a luaitear in Airteagal 2 (3)(d), (f), (g) agus in Airteagal 2a (2), pointí (a) agus (e) den sainordú roimhe seo. Léirítear ann freisin na hathruithe atá ag teacht chun cinn sa Treoir nua atá beartaithe maidir le truailliú ó Longa agus an obair atá ar bun ag an nGníomhaireacht faoi láthair i ndáil leis na saoráidí glactha calafoirt, na hastaíochtaí sulfair agus NOx agus an reachtaíocht maidir le hathchúrsáil long.

Áirítear le hAirteagal 6 cúraimí na Gníomhaireachta sna hiarrachtaí chun an loingseoireacht a dhícharbónú, agus leasaítear cúram Airteagal 2a(2)(b) den sainordú roimhe seo agus déantar tuilleadh forbartha air. Áirítear ann obair na Gníomhaireachta ar son an Rialacháin FuelEU Maritime le haghaidh leathnú an Chórais Trádála Astaíochtaí (CTA) chuig an loingseoireacht agus le haghaidh na reachtaíochta um Fhaireachán, Tuairisciú agus Fíorú (MRV), agus an tráth céanna sainordaítear leis go leanfaidh an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát chun gáis cheaptha teasa ón loingseoireacht a laghdú, san Aontas Eorpach agus in iarrachtaí faoi cheannas an Aontais in EMI araon.

Áirítear le hAirteagal 7 cúraimí na Gníomhaireachta i réimse na slándála agus na cibearshlándála muirí, agus léirítear leis cúram Airteagal 2(2)(b) den sainordú roimhe seo

agus an tráth céanna léirítear rannchuidiú na Gníomhaireachta san iarracht chun athléimneacht a fhorbairt in aghaidh bagairtí cibearshlándála.

Áirítear le hAirteagal 8 cúraimí na Gníomhaireachta i réimse an fhaireachais mhuirí agus na ngéarchéimeanna muirí, agus léirítear leis cúraimí Airteagal 2(4), pointí (a), (b) agus (i) agus Airteagal 2(a)(2), pointí (c) agus (d) den sainordú roimhe seo. Moltar san Airteagal freisin lárionad feasachta muirí 24/7 na Gníomhaireachta ag a bhfuil ról ríthábhachtach cheana féin maidir le cúnamh a thabhairt le linn tréimhsí géarchéime.

Áirítear le hAirteagal 9 cúraimí na Gníomhaireachta i réimse an digitithe agus an tsimplithe, agus léirítear leis cúram Airteagal 2(4)(d) agus Airteagal 2a(2), pointí (a) agus (b) den sainordú roimhe seo. Léirítear leis freisin cúraimí na Gníomhaireachta maidir le cúnamh a thabhairt don Choimisiún chun an timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (EMSWe) a chur chun feidhme.

Le hAirteagal 10 léirítear Airteagal 3 a bhí ann roimhe seo maidir leis na cuairteanna agus na cigireachtaí ba cheart don Ghníomhaireacht a dhéanamh. Soláthraítear solúbthacht leis freisin chun gur féidir leis an nGníomhaireacht cúnamh a thabhairt maidir le haon chigireacht eile i réimse an iompair mhuirí, dá mba rud é go mbeadh an cúnamh sin de dhíth ar an gCoimisiún ina leith sin.

CAIBIDIL III CÚRAIMÍ EILE NA GNÍOMHAIREACHTA MAIDIR LE CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA AGUS COMHAR EORPACH UM AN nGARDA CÓSTA:

Le hAirteagal 11 léirítear cúraimí Airteagal 2(4)(h) agus Airteagal 2(5) den sainordú roimhe seo agus an tráth céanna léirítear leis cúnamh níos leithne na Gníomhaireachta don Choimisiún agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a mhéid a bhaineann le tríú tíortha.

Le hAirteagal 12 déantar Airteagal 2b den sainordú roimhe seo a athlua agus le hAirteagal 13 léirítear agus rialaítear gníomhaíochtaí cumarsáide na Gníomhaireachta.

I gCaibidil IV agus CAIBIDIL V (Airteagail 14 go 26) leagtar amach na rialacha maidir le heagrú na Gníomhaireachta. Tá na rialacha bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002. Is é cur chun feidhme an Chomhráitis ón gCoimisiún, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí díláraithe agus an Chur Chuige Choitinn (2012) is cúis leis na hathruithe a tugadh isteach ar na rialacha sa Chaibidil seo. Áirítear ar na príomhathruithe sásra solúbthachta a thabhairt isteach maidir le hiarrataí éagsúla ar chúnamh nó cúraimí áirithe a chur chun feidhme lena gceadaítear don bhord bainistíochta machnamh agus anailís a dhéanamh ar dtús ar na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil i gcomhthéacs an clársceidealaithe bhliantúil agus ilbhliantúil (Airteagal 17) agus ar bhord feidhmiúcháin (Airteagal 21) agus an tráth céanna déantar an bord riaracháin a bhí ann roimhe sin a athainmniú ina bhord bainistíochta. Go háirithe:

Sainítear struchtúr na Gníomhaireachta in Airteagal 14. Leagtar amach in Airteagail 15 20 comhdhéanamh, feidhmeanna agus modhanna oibre an Bhoird Bainistíochta. Déantar iad a fhorbairt bunaithe ar Airteagail 10 go 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 agus ar an gcur chuige coiteann. Airteagal 17: is airteagal nua ar leithligh é 'cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla' maidir le cláir oibre a mheastar a bheith úsáideach ar mhaithe le soiléireacht i gcomhréir leis an gComhráiteas.

Leagtar amach in Airteagal 21 na rialacha don Bhord Feidhmiúcháin, a thacaíonn leis an mBord Bainistíochta agus a ullmhaíonn a chruinnithe.

In Airteagail 22 go 23 leagtar amach an nós imeachta ceapacháin agus freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus tá sé bunaithe ar Airteagail 15 agus 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 agus ar an gcur chuige coiteann.

Is athdhéanamh ar Airteagal 17 den sainordú roimhe seo é Airteagal 24.

I gCaibidil VI (Airteagail 25 go 29) tá na forálacha airgeadais. Cuireadh na forálacha sin in oiriúint do na rialacháin airgeadais is déanaí[12]. Tá athruithe ar na forálacha airgeadais i gcomparáid le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 mar gheall ar chur chun feidhme an chur chuige choitinn agus na rialacha airgeadais is infheidhme faoi láthair maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais. Is mionathruithe iad na hathruithe a tugadh isteach a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta buiséid agus maidir le tíolacadh cuntas agus urscaoileadh. Is in Airteagal 26 atá an príomhleabhar i gcomparáid leis an sainordú a bhí ann roimhe seo, agus leis an leasú sin chuirfí ar chumas na Gníomhaireachta táillí a ghearradh ar chúraimí áirithe. Is faoin nGníomhaireacht a bheidh sé cinneadh a dhéanamh ag céim níos déanaí, a luaithe a bheidh an Rialachán seo infheidhme, cé acu a úsáidfidh nó nach n- úsáidfidh sí an rogha sin agus is le gníomh cur chun feidhme a shuífear méid na táille ar na seirbhísí do thríú tíortha agus don tionscal, de réir mar a fhorordaítear tuilleadh in Airteagal 33.

Áirítear na rialacha foirne i gCAIBIDIL VII (Airteagail 30 go 31).

Tá forálacha ginearálta agus críochnaitheacha i gCAIBIDIL VIII (Airteagail 32 go 45). Is é is cúis le hathruithe i gcomparáid le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 cur chun feidhme an chur chuige choitinn agus oiriúnuithe ar an reachtaíocht is déanaí. Cuireadh formhór na bhforálacha sin isteach cheana féin i Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002. Tá gá leis na hAirteagail 33 agus 34 nua maidir leis an nós imeachta coiste chun an fhéidearthacht a bhaineann leis na táillí a chur chun feidhme.

Áirítear sa Chaibidil seo freisin forálacha idirthréimhseacha (Airteagal 43) chun gur féidir aistriú cuí a dhéanamh ón sainordú roimhe seo chuig an sainordú nua gan briseadh ar sheirbhísí EMSA.

[12] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lgh. 1-38).

2023/0163 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[13],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[14],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh roinnt beart reachtach san Aontas chun sábháilteacht agus slándáil mhuirí a fheabhsú, chun inbhuanaitheacht agus dícharbónú na loingseoireachta a chur chun cinn, trí thruailliú a chosc freisin, agus chun malartú faisnéise agus digitiú na hearnála muirí a éascú. Ba cheart an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm ar bhealach cuí agus aonfhoirmeach ar fud an Aontais chun go mbeidh sí éifeachtach. D'áiritheofaí leis sin cothroime iomaíochta, laghdófaí saobhadh na hiomaíochta de bharr na mbuntáistí eacnamaíocha a bhíonn ag longa neamh- chomhlíontacha agus thabharfadh sé luach saothair dóibh siúd a oibríonn go díograiseach san earnáil muirí.

(2) Éilítear roinnt mhaith obair theicniúil faoi cheannas comhlachta speisialaithe chun na spriocanna sin a shaothrú. Is é sin an fáth ar ghá, mar chuid den dara 'pacáiste Erika' in 2002, gníomhaireacht Eorpach a bhunú, laistigh den chreat institiúideach atá ann cheana agus freagrachtaí agus cearta na mBallstát mar Stáit bhrataí, Stáit chalafoirt agus Stáit chósta á n- urramú, chun leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach de shábháilteacht mhuirí a áirithiú agus chun truailliú ó longa a chosc.

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ('an Ghníomhaireacht') chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit an reachtaíocht a chur chun feidhme go héifeachtach ar leibhéal an Aontais sna réimsí a bhaineann le sábháilteacht mhuirí agus truailliú

[13] IO C , , lch. .
[14] IO C , , lch. .
[15] Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).

a chosc trí chuairteanna iomchuí a thabhairt ar na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha agus chun oiliúint agus forbairt acmhainne a sholáthar.

(4) Tar éis an Ghníomhaireacht a bheith bunaithe in 2002, leathnaíodh reachtaíocht an Aontais sna réimsí a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, inbhuanaitheacht agus truailliú a chosc agus slándáil mhuirí go suntasach, agus dá bharr sin rinneadh cúig leasú ar shainordú na Gníomhaireachta.

(5) Ó 2013 i leith lean an Ghníomhaireacht dá cuid cúraimí a leathnú go suntasach trí na cúraimí coimhdeacha ábhartha a fhorordaítear in Airteagal 2a de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 a ghníomhú nó trí iarrataí a dhéantar ar chúnamh teicniúil don Choimisiún agus do na Ballstáit, go háirithe sa réimse a bhaineann le dícharbónú agus digitiú na hearnála muirí. Ina theannta sin, bíonn tionchar díreach ag leasuithe ar Threoracha 2005/35/CE[16], 2009/16/CE[17], 2009/18/CE[18] agus 2009/21/CE[19] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar chúraimí na Gníomhaireachta. Déantar foráil leis na Treoracha sin go háirithe maidir le feidhmiú cúraimí ag an nGníomhaireacht, ar cúraimí iad a bhaineann le truailliú ó longa, córas an rialaithe Stáit ar chalafoirt ar leibhéal an Aontais, gníomhaíochtaí na mBallstát maidir leis na himscrúduithe a bhaineann le timpistí muirí in uiscí an Aontais agus oibleagáidí na mBallstát mar Stáit bhrataí.

(6) Ina theannta sin, is gá rialachas riaracháin agus airgeadais na Gníomhaireachta a ailíniú leis an gcomhaontú idir- institiúideach maidir le rialachas gníomhaireachtaí díláraithe[20] agus leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh chomhlachtaí díláraithe an Aontais[21].

(7) De bharr an lín shubstaintiúil athruithe i bhfianaise na bhforbairtí thuas, is iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 a aisghairm agus gníomh dlí nua a chur ina ionad.

(8) Bunaíodh an Ghníomhaireacht ar dtús agus é de chuspóir aici rannchuidiú le hardleibhéal sábháilteachta muirí a bhunú ar fud an Aontais agus cúnamh a thabhairt freisin maidir le truailliú ó longa agus ina dhiaidh sin freisin ó shuiteálacha ola agus gáis a chosc. Cé gur neartaíodh na cuspóirí sin tuilleadh le cur chun cinn na slándála muirí, maidir le díriú na Gníomhaireachta le blianta beaga anuas ar thacaíocht d’fhorbairtí rialála sa réimse a bhaineann le dícharbónú agus digitiú na loingseoireachta, is fiú na réimsí sin a chur le cuspóirí foriomlána na Gníomhaireachta, rud a chuirfidh ar a cumas rannchuidiú leis na spriocanna don dá aistriú sa tionscal, an t- aistriú glas agus an t- aistriú digiteach. Ar an gcaoi chéanna, leis an ról ríthábhachtach atá ag an nGníomhaireacht maidir le pictiúr feasachta muirí a sholáthar ar muir, trí íomhánna satailíte agus córais aerárthaí cianrialaithe a oibriú, tá údar cuí le cuspóir foriomlán ábhartha a chur le cuspóirí na Gníomhaireachta.

---

16 Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n- áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe (IO L 255, 30.9.2005, lch. 11).

17 Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

18 Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí san earnáil iompair mhuirí agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 28.5.2009, lch. 114).

19 Treoir 2009/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le ceanglais stát brataí a chomhlíonadh (IO L 131, 28.5.2009, lch. 132).

20 https://european-union.europa.eu/system/files/2022-06/joint_statement_on_decentralised_agencies_en.pdf

21 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

(9) Leis na cuspóirí sin ba cheart réimsí rannpháirtíochta na Gníomhaireachta a shainiú agus í ag tacú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit maidir le cúnamh teicniúil agus oibríochtúil chun beartais an Aontais a chur chun feidhme sa réimse muirí.

(10) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach i gceart, is iomchuí go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht cúraimí sonracha sa réimse a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, an inbhuanaitheacht, dícharbónú na hearnála muirí, slándáil agus cibearshlándáil mhuirí, faireachas muirí agus géarchéimeanna muirí agus digitiú agus éascú malartuithe sonraí sa réimse muirí a chur chun cinn.

(11) I dteannta na gcúraimí sonracha, ba cheart don Ghníomhaireacht tacaíocht chothrománach, theicniúil a sholáthar, arna iarraidh sin don Choimisiún nó do na Ballstáit, chun aon chúram a thagann faoi shainchúram a hinniúlachtaí agus a cuspóirí a chur chun feidhme, ar cúram é a eascraíonn as riachtanais agus forbairtí amach anseo ar leibhéal an Aontais. Beidh na cúraimí breise sin faoi réir machnaimh a dhéanfar ar na hacmhainní daonna agus airgeadais a bheidh ar fáil, ar acmhainní iad ar cheart do Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta iad a chur san áireamh sula gcinnfidh sé iad a chuimsiú i nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair na Gníomhaireachta mar chuid dá clár oibre bliantúil nó ilbhliantúil. Tá gá leis sin chun a áirithiú go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do chúraimí áirithe ar croí- chúraimí na Gníomhaireachta iad dá mba ghá.

(12) Tá an Ghníomhaireacht ar thús cadhnaíochta sa saineolas teicniúil i réimsí a hinniúlachta, agus dá bhrí sin ba cheart di oiliúint agus gníomhaíochtaí forbartha acmhainne a sholáthar do na Ballstáit trí bhíthin cúrsaí croí- churaclaim coiteanna a fhorbairt agus trí úsáid a bhaint as na huirlisí is forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de le linn na cúrsaí sin a sheachadadh.

(13) Ba cheart an saineolas teicniúil sin atá ag an nGníomhaireacht a chothú tuilleadh trí thaighde a dhéanamh sa réimse muirí agus rannchuidiú le gníomhaíochtaí ábhartha an Aontais sa réimse. Ba cheart don Ghníomhaireacht rannchuidiú agus cur chuige réamhghníomhach i bhfeidhm aici maidir leis na cuspóirí a bhaineann le feabhas a chur ar shábháilteacht agus slándáil mhuirí, dícharbónú na loingseoireachta agus truailliú ó longa a chosc. Ina leith sin, d’fhéadfadh an Ghníomhaireacht treoraíocht, moltaí nó lámhleabhair ábhartha neamhcheangailteacha a eisiúint lena bhféadfaí cúnamh a thabhairt don Choimisiún, do na Ballstáit agus/nó don tionscal muirí na cuspóirí sin a bhaint amach.

(14) A mhéid a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, ba cheart don Ghníomhaireacht cur chuige réamhghníomhach a fhorbairt maidir le rioscaí agus dúshláin sábháilteachta a chinneadh agus ar a mbonn sin ba cheart di tuarascáil ar an dul chun cinn ar shábháilteacht mhuirí a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach 3 bliana. Thairis sin, ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de chúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme reachtaíocht ábhartha an Aontais, go háirithe sna réimsí a bhaineann leis na hoibleagáidí ar Stáit bhrataí agus ar Stáit chalafoirt, imscrúduithe ar thimpistí muirí, an reachtaíocht sábháilteachta le haghaidh longa d’iompar paisinéirí, Eagraíochtaí Aitheanta agus trealamh muirí. Ar deireadh, ba cheart ról réamhghníomhach a bheith ag an nGníomhaireacht maidir le cúnamh a thabhairt le linn longa dromchla muirí atá uathrialaitheach agus uathoibrithe a chur in úsáid, agus tá sé tábhachtach freisin sonraí breise a bhailiú i réimse na hoiliúna agus an deimhniúcháin do mharaithe agus don Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí (MLC, 2006).

(15) Ó rinneadh an leasú substaintiúil deiridh ar an Rialachán in 2013, tá forbairtí reachtacha móra tagtha chun cinn san earnáil muirí maidir leis an inbhuanaitheacht. I dteannta na gcúraimí a cumhdaíodh le sainordú na Gníomhaireachta go dtí seo, amhail truailliú ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis a chosc, trí CleanSeaNet a oibriú go príomha, ba cheart don

Ghníomhaireacht leanúint de chúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] tríd an gcúram sin a léiriú ina sainordú arna thabhairt cothrom le dáta. Thairis sin, is mó an gá atá ag an nGníomhaireacht anois leanúint de chúnamh a thabhairt maidir le cur chun feidhme na n- eilimintí a bhaineann le loingseoireacht de Threoracha 2008/56/CE[23] agus (AE) 2016/802[24] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. An dá réimse sin, mar aon le rannpháirtíocht na Gníomhaireachta agus na sonraí i ndáil le hastaíochtaí ocsaídí nítrigine (NOx) ó longa á mbailiú, á n- anailísiú agus á gcomhroinnt, tá siad ríthábhachtach chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn san earnáil muirí, agus ba cheart don Ghníomhaireacht tuarascáil a sholáthar ar an dul chun cinn a dhéantar ina leith sin gach 3 bliana.

(16) Sa réimse a bhaineann le dícharbónú na hearnála loingseoireachta, tá iarrachtaí á ndéanamh anois chun astaíochtaí domhanda muirí a theorannú tríd an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) agus ba cheart na hiarrachtaí sin a spreagadh, lena n- áirítear cur chun feidhme tapa Straitéis tosaigh IMO um Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ó Longa a Laghdú, a glacadh in 2018. Tá cainteanna ar siúl anois faoi na bealaí chun an uaillmhian sin a chur chun feidhme sa chleachtas, lena n- áirítear athbhreithniú ar an straitéis tosaigh. Ar leibhéal an Aontais, forbraíodh sraith beartas agus tograí reachtacha chun tacú leis an dícharbónú agus chun inbhuanaitheacht na hearnála muirí a chur chun cinn a thuilleadh, mar a léirítear go háirithe sa Chomhaontú Glas don Eoraip, sa Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus sa Straitéis maidir le Truailliú Nialasach. Dá thoradh sin, ba cheart an gá atá le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil muirí a laghdú a léiriú i sainordú na Gníomhaireachta.

(17) Ina leith sin, cé gur cheart don Ghníomhaireacht leanúint de chúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] ba cheart di tuilleadh cúnaimh a thabhairt maidir le cur chun feidhme na mbeart rialála nua chun an earnáil loingseoireachta a dhícharbónú, rud a eascraíonn as an bpacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55', amhail an Rialachán [..] maidir le húsáid breoslaí in- athnuaite agus ísealcharbóin san iompar muirí agus na heilimintí a bhaineann le loingseoireacht de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal. Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa saineolas ar leibhéal an Aontais chun cúnamh a thabhairt maidir leis an earnáil a aistriú chuig breoslaí in- athnuaite agus ísealcharbóin, trí thaighde a dhéanamh agus treoraíocht a sholáthar maidir le glacadh agus cur in úsáid foinsí inbhuanaithe malartacha cumhachta le haghaidh long,

---

[22] Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n- aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

[23] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

[24] Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58).

[25] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).

[26] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

lena n- áirítear soláthar cumhachta ar tír mór do longa agus i ndáil le réitigh um éifeachtúlacht fuinnimh agus cúnamh tiomána gaoithe a chur in úsáid. Chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn sa réimse a bhaineann le dícharbónú na hearnála loingseoireachta, ba cheart don Ghníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don Choimisiún gach 3 bliana ar na hiarrachtaí chun gáis cheaptha teasa a laghdú agus ar aon mholadh a d'fhéadfadh a bheith aici.

(18) I réimse na sábháilteachta muirí, ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de chúnamh teicniúil a sholáthar i leith cigireachtaí ón gCoimisiún faoi chuimsiú Rialachán 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [27] maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú. Ó tharla go bhfuil méadú nach beag tagtha ar an líon teagmhas cibearshlándála san earnáil muirí le blianta beaga anuas, ba cheart don Ghníomhaireacht cúnamh a thabhairt i leith iarrachtaí an Aontais chun athléimneacht a fheabhsú in aghaidh teagmhais chibearshlándála san earnáil muirí trí mhalartú dea- chleachtas agus faisnéise maidir le teagmhais chibearshlándála idir na Ballstáit a éascú.

(19) Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint den chóras faireacháin agus faisnéise ar shoithí a óstáil, a bunaíodh faoi Threoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] mar aon le córais eile atá mar bhonn taca faoi phictiúr feasachta muirí a bhunú. Ina leith sin, ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de ról ríthábhachtach a bheith aici agus an ghné slándála muirí de chlár Copernicus á bainistiú agus ba cheart di leanúint den teicneolaíocht is nua- aimseartha atá ar fáil a úsáid, amhail córais aerárthaí cianrialaithe, a sholáthraíonn uirlis úsáideach do na Ballstáit agus do chomhlachtaí eile de chuid an Aontais chun faireachas agus faireachán a dhéanamh. Anuas ar na seirbhísí sin, léirigh an Ghníomhaireacht an ról straitéiseach atá aici maidir le feasacht ar réimsí muirí a sholáthar chun tacú le géarchéimeanna éagsúla, amhail COVID- 19 agus cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Dá thoradh sin, ba cheart don Ghníomhaireacht lárionad a oibriú, a bheadh ar oscailt 24 uair an chloig in aghaidh an lae agus 7 lá sa tseachtain, agus ba cheart don lárionad sin cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le cásanna éigeandála den sórt sin.

(20) Tá an digitiú sonraí de dhlúth agus d'inneach sa dul chun cinn teicneolaíochta i réimse an bhailithe agus na cumarsáide sonraí d'fhonn cabhrú le costais a laghdú agus le húsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní daonna. Trí Longa Uathrialacha Dromchla Muirí (MASS) a chur in úsáid agus a oibriú agus leis na forbairtí digiteacha agus teicneolaíochta, soláthraítear raon leathan deiseanna nua i dtéarmaí bailiú sonraí agus bainistíocht córas comhtháite. Cruthaítear deiseanna leis sin chun digitiú, uathoibriú agus caighdeánú ionchasach a dhéanamh ar roinnt próiseas, rud a cheadódh go bhféadfaí sábháilteacht, slándáil, inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht oibríochtaí muirí a éascú, lena n- áirítear sásraí faireachais, ar leibhéal an Aontais, agus a laghdófaí an t- ualach riaracháin ar na Ballstáit i gcomhthráth leis sin. Ina leith sin, úsáid deimhnithe leictreonacha, bailiú, taifeadadh agus meastóireacht ar shonraí teicniúla, saothrú sistéamach na mbunachar sonraí atá ann cheana, lena n- áirítear iad a chomhroinnt trí úsáid a bhaint as TF nuálach agus uirlisí intleachta saorga, agus, i gcás inarb iomchuí, forbairt bunachar sonraí idir- inoibritheach breise, ba cheart don ghníomhaireacht na nithe sin a éascú agus a chur chun cinn, i measc nithe eile.

---

[27] Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú, IO L 129 an 29.4.2004, lch. 6

[28] Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht árthaí de chuid an Chomhphobail agus lena n- aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

(21) Chun na cúraimí a chuirtear ar iontaoibh na Gníomhaireachta a dhéanamh i gceart, is iomchuí go dtabharfadh oifigigh na Gníomhaireachta cuairteanna ar na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú foriomlán chóras sábháilteachta muirí agus coiscthe truaillithe an Aontais. Ba cheart don Ghníomhaireacht cigireachtaí a dhéanamh freisin chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach dhlí an Aontais.

(22) I gcomhthéacs IMO, na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt, a síníodh i bPáras an 26 Eanáir 1982 ('MC Pháras'), d'fhéadfadh cúnamh teicniúil agus saineolas a bheith de dhíth ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh cúnamh teicniúil a bheith de dhíth ar an gCoimisiún ón nGníomhaireacht chun tacú le tríú tíortha sa réimse muirí, go háirithe maidir le fothú acmhainneachta agus modhanna chun an truailliú a chosc agus freagairt dó. Ba cheart é a chur de chúram ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta straitéis um chaidreamh idirnáisiúnta na Gníomhaireachta a ghlacadh maidir le hábhair a thagann faoina hinniúlacht, mar chuid den doiciméad clársceidealaithe aonair.

(23) Na húdaráis náisiúnta sin a chuireann feidhmeanna garda cósta i gcrích, tá freagracht orthu i leith raon leathan cúraimí, a bhféadfadh an tsábháilteacht mhuirí, an tslándáil mhuirí, oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála muirí, rialú ag teorainneacha muirí, rialú ar iascach muirí, rialú custaim mhuirí, forfheidhmiú ginearálta dlí muirí agus cosaint an chomhshaoil mhuirí a bheith ar áireamh leo. Ba cheart don Ghníomhaireacht, don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, arna bunú le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29], agus don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30], dá bhrí sin, a gcomhar a neartú, laistigh dá sainordú, le chéile agus leis na húdaráis náisiúnta a dhéanann feidhmeanna garda cósta, chun feasacht ar réimsí muirí a mhéadú agus chun tacú le gníomhaíocht chomhleanúnach chost- éifeachtúil.

(24) Le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ní dhéantar difear do dheighilt na hinniúlachta idir an tAontas agus na Ballstáit ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cuardach agus Tarrtháil ar Muir, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, agus ionstraimí muirí ábhartha idirnáisiúnta eile.

(25) D'fhonn an próiseas cinnteoireachta a chuíchóiriú sa Ghníomhaireacht agus chun cuidiú le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht a fheabhsú, ba cheart struchtúr rialachais dé- leibhéil a thabhairt isteach. Chun na críche sin, ba cheart ionadaithe a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún ar Bhord Bainistíochta a dtabharfar na cumhachtaí riachtanacha dó, lena n- áirítear an chumhacht chun an buiséad a bhunú agus chun an doiciméad clársceidealaithe a fhormheas. Ba cheart don Bhord Bainistíochta treoshuíomhanna ginearálta a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus ba cheart dó páirt níos mó a ghlacadh i dtaobh

---

29 Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n- aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

30 Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (IO L 83, 25.3.2019, lch. 18).

faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, d'fhonn maoirseacht ar chúrsaí riaracháin agus buiséadacha a atreisiú. Ba cheart Bord Feidhmiúcháin is lú a chur ar bun agus é de chúram aige cruinnithe an Bhoird Bainistíochta a ullmhú ar shlí iomchuí agus tacú lena phróiseas cinnteoireachta. Ba cheart cumhachtaí an Bhoird Feidhmiúcháin a shainiú i sainordú a ghlacfaidh an Bord Bainistíochta agus ba cheart tuairimí agus cinntí sealadacha a bheith san áireamh ann, i gcás inar gá, faoi réir fhormhuiniú deiridh an Bhoird Bainistíochta. Ba cheart Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheith i gceannas ar an nGníomhaireacht.

(26) Chun trédhearcacht chinntí an Bhoird Bainistíochta a áirithiú, ba cheart d'ionadaithe ó na hearnálacha lena mbaineann freastal ar na cruinnithe dá chuid, ach gan ceart vótála a bheith acu. Ba cheart don Choimisiún ionadaithe na bpáirtithe leasmhara éagsúla a cheapadh ar bhonn a n-ionadaíochta ar leibhéal an Aontais.

(27) D'fhonn go bhféadfaidh sí a cúraimí a chomhlíonadh i gceart, ba cheart pearsantacht dhlítheanach a bheith agus buiséad uathrialach ag an nGníomhaireacht, ar buiséad é a mhaoineofar, go príomha, trí ranníocaíocht ón Aontas agus trí tháillí agus muirir a íocfaidh iarratasóirí. Níor cheart neamhspleáchas ná neamhchlaontacht na Gníomhaireachta a chur i mbaol mar gheall ar aon ranníocaíocht airgeadais a fhaigheann sí ó na Ballstáit, ó thríú tíortha nó ó eintitis eile. D'fhonn neamhspleáchas a áirithiú ina cuid bainistíochta ó lá go lá agus sna tuairimí, moltaí agus cinntí a eisíonn sí, ba cheart eagrú na Gníomhaireachta a bheith trédhearcach agus ba cheart freagracht iomlán a bheith ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Ba cheart d'fhoireann na Gníomhaireachta a bheith neamhspleách agus iad ar conarthaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon ionas go gcoimeádfaidh sí an t- eolas eagraíochtúil agus an leanúnachas gnó atá aici, agus malartú riachtanach leanúnach saineolais leis an earnáil muirí á choinneáil ag an am céanna. Ba cheart a áireamh le caiteachas na Gníomhaireachta costais foirne, riaracháin, bhonneagair agus oibriúcháin.

(28) I ndáil le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, tá sé fíor- riachtanach go ngníomhóidh an Ghníomhaireacht go neamhchlaonta, go léireoidh sí ionracas agus go ndéanfaidh sí ardchaighdeáin ghairmiúla a bhunú di féin. Níor cheart aon chúis dhlisteanach a bheith ann riamh le bheith in amhras go bhféadfaí tionchar a imirt ar chinntí le leasanna a bheadh contrártha do ról na Gníomhaireachta mar chomhlacht a fhónann don Aontas ina iomláine nó le leasanna nó cleamhnachtaí príobháideacha aon chomhalta den Bhord Bainistíochta a chruthódh coinbhleacht, nó a bhfuil seans ann go gcruthóidís coinbhleacht, le feidhmiú cuí dhualgais oifigiúla an duine lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord Bainistíochta rialacha cuimsitheacha a ghlacadh maidir le coinbhleachtaí leasa.

(29) Le dearcadh straitéiseach níos leithne i leith ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, d'éascófaí pleanáil agus bainistíocht níos éifeachtaí a dhéanamh ar a cuid acmhainní agus rannchuideodh sé le cáilíocht níos airde ar thorthaí na Gníomhaireachta. Deimhnítear agus atreisítear é sin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715. Ba cheart don Bhord Bainistíochta, dá bhrí sin, doiciméad clársceidealaithe aonair, ina bhfuil na cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla, a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil, tar éis dul i mbun comhairliúchán cuí leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

(30) I gcás ina n- iarrtar ar an nGníomhaireacht cúram nua a dhéanamh nach bhforáiltear go sonrach dó ina sainordú nó ina n- iarrtar uirthi cúraimí áirithe a dhéanamh ar gá, de réir a sainordaithe, cuimhneamh agus anailís a dhéanamh ar an tionchar a bheidh acu ar a hacmhainní, i dtéarmaí daonna agus buiséadacha, níor cheart don Bhord Bainistíochta na cúraimí sin a áireamh sa doiciméad clársceidealaithe ach amháin tar éis an anailís sin a bheith déanta. Ba cheart a shainaithint san anailís sin na hacmhainní is gá lena bhféadfadh an Ghníomhaireacht na cúraimí

nua sin a chomhlíonadh agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar do na cúraimí atá ar an nGníomhaireacht faoi láthair.

(31) Ba cheart acmhainní cuí a bheith ag an nGníomhaireacht chun a cúraimí a chur i gcrích agus ba cheart buiséad uathrialach a dheonú di. Ba cheart í a mhaoiniú go príomha trí ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais. Ba cheart nós imeachta buiséadach an Aontais a bheith infheidhme maidir le ranníocaíocht an Aontais agus le haon fhóirdheontas eile is inmhuirearaithe ar bhuiséad ginearálta an Aontais. Ba cheart do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa na cuntais a iniúchadh.

(32) Le táillí cuirtear feabhas ar chistiú gníomhaireachta agus féadfar iad a chur san áireamh le haghaidh seirbhísí sonracha, ar seirbhísí iad a thagann faoi raon feidhme a hinniúlachtaí, arna soláthar ag an nGníomhaireacht do thríú tíortha nó don tionscal. Ba cheart aon táille a thoibheoidh an Ghníomhaireacht a costais a chlúdach as na seirbhísí lena mbaineann a sholáthar.

(33) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo i ndáil le táillí agus muirir, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31].

(34) Le blianta beaga anuas, agus níos mó gníomhaireachtaí díláraithe á gcruthú, táthar tar éis feabhas a chur ar an trédhearcacht agus an rialú ar bhainistiú chistiú ón Aontas a leithdháiltear orthu, go háirithe a mhéid a bhaineann le buiséadú táillí, rialú airgeadais, cumhacht urscaoilte, ranníocaíochtaí scéimeanna pinsin agus an nós imeachta buiséadach inmheánach (cód iompair). Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] gan srian maidir leis an nGníomhaireacht, agus ba cheart di aontú do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF)[33].

(35) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leormhaith, mar atá comhlacht speisialaithe a bhunú a fhéadfaidh cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le reachtaíocht an Aontais i réimse na sábháilteachta muirí a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh uirthi, chomh maith le meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht agus, de bharr an chomhair atá le déanamh, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(36) Is gá, chun go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht go cuí, go gcuirfear prionsabail áirithe chun feidhme maidir le rialachas na Gníomhaireachta, d'fhonn an Comhráiteas agus an Cur Chuige

---

[31] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)

[32] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

[33] IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

Comhchoiteann arna gcomhaontú ag an Meitheal Idirinstitiúideach ar ghníomhaireachtaí díláraithe AE i mí Iúil 2012 a chomhlíonadh, arb é is cuspóir dóibh gníomhaíochtaí gníomhaireachtaí a chuíchóiriú agus cur lena bhfeidhmíocht.

(37) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(38) Is é an duine dlítheanach céanna i gcónaí atá sa Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2022 agus leanfaidh sí lena cuid gníomhaíochtaí agus nósanna imeachta uile.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*CAIBIDIL I*

***ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS CUSPÓIRÍ***

*Airteagal 1*

**Bunú, ábhar agus raon feidhme**

1. Soláthraítear rialacha cuimsitheacha leis an Rialachán maidir le cúraimí, feidhmiú agus rialachas na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ('an Ghníomhaireacht').

2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún chun dlí an Aontais maidir le hiompar muirí a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go héifeachtach ar fud an Aontais. Chuige sin, rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún agus soláthróidh sí cúnamh teicniúil, oibríochtúil agus eolaíoch dóibh faoi raon feidhme chuspóirí agus chúraimí na Gníomhaireachta a leagtar amach in Airteagal 2 agus i gCaibidlí II agus III.

3. Tríd an gcúnamh dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar, soláthróidh an Ghníomhaireacht tacaíocht do na Ballstáit agus don Choimisiún go háirithe chun na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart agus an tráth céanna rannchuidiú le héifeachtúlacht fhoriomlán an tráchta mhuirí agus an iompair mhuirí mar a leagtar amach sa Rialachán seo, chun a éascú go mbainfear amach cuspóirí an Aontais i réimse an iompair mhuirí.

4. Beidh aon chúnamh a sholáthróidh an Ghníomhaireacht gan dochar do chearta agus freagrachtaí na mBallstát mar Stáit bhrataí, Stáit chalafoirt nó Stáit chósta.

*Airteagal 2*

**Cuspóirí na Gníomhaireachta**

1. Is iad na cuspóirí a bheidh ag an nGníomhaireacht leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach de shábháilteacht mhuirí a chur chun cinn agus a bhunú lena ndíreofar ar thimpistí nialasacha, slándáil mhuirí, astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú agus inbhuanaitheacht na hearnála muirí, chomh

maith le truailliú ó longa a chosc agus freagairt dó, agus an fhreagairt do thruailliú muirí ó shuiteálacha ola agus gáis.

2. Cuspóirí breise de chuid na Gníomhaireachta is ea digitiú na hearnála muirí a chur chun cinn trí tharchur leictreonach sonraí a éascú, ar sonraí iad a thacaíonn le simpliú agus córais agus seirbhísí comhtháite um fhaireachas agus feasacht mhuirí a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit.

*CAIBIDIL II*

## CÚRAIMÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

*Airteagal 3*

### Tacaíocht theicniúil chothrománach

1. Beidh an Ghníomhaireacht de chúnamh ag an gCoimisiún:

(a) chun rialú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na ngníomhartha dlí ceangailteacha ábhartha de chuid an Aontais, a thagann faoi chuspóirí na Gníomhaireachta, go háirithe trí na cuairteanna agus na cigireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10 a dhéanamh. Ina leith sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht moltaí a dhíriú chuig an gCoimisiún maidir le feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh;

(b) san obair ullmhúcháin chun na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais a thagann faoi chuspóirí na Gníomhaireachta a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt, go háirithe i gcomhréir le forbairt an dlí idirnáisiúnta;

(c) i bhfeidhmiú aon chúraim eile a shanntar don Choimisiún i ngníomhartha reachtacha an Aontais maidir le cuspóirí na Gníomhaireachta.

2. Oibreoidh an Ghníomhaireacht leis na Ballstáit chun na gcríoch seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí ábhartha um fhorbairt acmhainne agus oiliúint a eagrú, i gcás inarb iomchuí, i réimsí a thagann faoi chuspóirí na Gníomhaireachta agus arb iad na Ballstáit atá freagrach astu. Ina leith sin, bunóidh an Ghníomhaireacht cumais iomchuí d'fhonn gníomhaíochtaí oiliúna atá ábhartha do chuspóirí na Gníomhaireachta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chomhordú, lena n- áirítear trí chúrsaí croí- churaclaim coiteanna, seimineáir, comhdhálacha agus ceardlanna a fhorbairt, chomh maith le huirlisí oiliúna gréasánbhunaithe, ríomhfhoghlama agus nuálacha agus ardleibhéil eile. Déanfar mionsonraí na ngníomhaíochtaí oiliúna sin a sholáthrófar lasmuigh den oideachas foirmiúil a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, agus formheasfaidh an Bord Bainistíochta iad i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo, agus Airteagal 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) á urramú ina iomláine aige;

(b) réitigh theicniúla a fhorbairt, lena n- áirítear seirbhísí ábhartha oibríochtúla a sholáthar, agus cúnamh teicniúil a sholáthar i ndáil leis an inniúlacht náisiúnta is gá a fhorbairt chun gníomhartha ábhartha dlí an Aontais is ábhartha maidir le cuspóirí na Gníomhaireachta a chur chun feidhme.

3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht comhar idir na Ballstáit agus idir iad agus an Coimisiún a chur chun cinn agus a éascú agus reachtaíocht an Aontais á cur chun feidhme trí mhalartú agus scaipeadh eispéireas agus dea- chleachtas a chur chun cinn.

4. Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht le gníomhaíochtaí taighde muirí ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le cuspóirí na Gníomhaireachta, arna n- iarraidh sin don Choimisiún nó ar a tionscnamh féin, faoi réir fhormheas an Bhoird Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 17. Ina leith sin, tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus mórthéamaí taighde á sainaithint acu, gan dochar do ghníomhaíochtaí taighde eile ar leibhéal an Aontais, agus anailís á déanamh acu ar thionscadail taighde atá ar bun faoi láthair agus ar na cinn siúd a cuireadh i gcrích cheana, ar tionscadail iad atá ábhartha do chuspóirí na Gníomhaireachta. I gcás inarb iomchuí, faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le maoin intleachtúil agus cheisteanna slándála, féadfaidh an Ghníomhaireacht torthaí a cuid gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a scaipeadh, tar éis don Choimisiún iad a fhormheas, mar chuid dá rannchuidiú le sineirgí a chruthú idir gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta arna ndéanamh ag comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus ag na Ballstáit.

5. I gcás ina bhfuil gá lena leithéid chun a cuid cúraimí a chur chun feidhme, déanfaidh an Ghníomhaireacht staidéir, agus rannpháirt á tabhairt aici don Choimisiún agus, i gcás inarb infheidhme, do na Ballstáit, trí ghrúpaí stiúrtha comhairliúcháin, agus i gcás inarb iomchuí, do na comhpháirtithe sóisialta agus na hionadaithe tionscail a bhfuil saineolas acu ar na hábhair ábhartha.

6. Ar bhonn an taighde agus na staidéar a rinne an Ghníomhaireacht, ach chomh maith leis sin ar bhonn na taithí a fuarthas trína cuid gníomhaíochtaí féin, go háirithe na cuairteanna agus na cigireachtaí, agus an malartú faisnéise agus dea- chleachtas leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, féadfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún roimh ré, moltaí, treoirlínte nó lámhleabhair neamhcheangailteacha ábhartha a eisiúint chun tacú leis na Ballstáit agus éascaíocht a dhéanamh orthu, agus i gcás inarb iomchuí don tionscal freisin, agus reachtaíocht an Aontais á cur chun feidhme.

*Airteagal 4*

**Cúraimí a bhaineann leis an sábháilteacht mhuirí**

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar an dul chun cinn ar shábháilteacht an iompair mhuirí san Aontas, déanfaidh sí anailís riosca ar bhonn na sonraí atá ar fáil agus forbróidh sí samhlacha de mheasúnú riosca um shábháilteacht chun dúshláin agus rioscaí sábháilteachta a shainaithint. Cuirfidh sí tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach 3 bliana maidir le dul chun cinn ar shábháilteacht mhuirí agus d'fhéadfadh sé go mbeidh moltaí sa tuarascáil sin a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ina leith sin, anailíseoidh agus molfaidh an Ghníomhaireacht go háirithe treoraíocht nó moltaí ábhartha i ndáil le rioscaí sábháilteachta ionchasacha a eascraíonn as glacadh agus cur in úsáid foinsí inbhuanaithe malartacha cumhachta le haghaidh long, lena n- áirítear soláthar cumhachta ar tír do longa atá i mbeart.

2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus Treoir 2009/21/CE á cur chun feidhme. Go háirithe, forbróidh an Ghníomhaireacht an bunachar sonraí cigireachta agus déanfaidh sí é a choinneáil ar bun i gcomhréir le [hAirteagal 6a] den Treoir sin, bunóidh sí an uirlis tuairiscithe leictreonach dá dtagraítear in [Airteagal 9b] den Treoir sin, déanfaidh sí an suíomh gréasáin poiblí dá dtagraítear in Airteagal 8(2c) a choinneáil ar bun agus soláthróidh sí moltaí don Choimisiún ar bhonn na sonraí a bhaileofar.

Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus é rannpháirteach mar bhreathnóir i bpróiseas iniúchóireachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta de réir [Airteagal 7] de Threoir 2009/21/CE. Forbróidh an Ghníomhaireacht uirlisí agus seirbhísí ábhartha freisin lena

dtabharfar cúnamh do na Ballstáit, arna n- iarraidh sin dóibh, a gcuid oibleagáidí faoi Threoir 2009/21/CE a chomhlíonadh.

Soláthróidh an Ghníomhaireacht scéim choiteann um fhothú acmhainneachta do shuirbhéirí stát brataí agus do chigirí stát brataí de chuid na mBallstát freisin, dá dtagraítear in [Airteagal 4c] den Treoir réamhluaite.

3. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir leis na bunachair sonraí dá ndéantar foráil in Airteagal 24 agus 24a de Threoir 2009/16/CE a fhorbairt agus a choinneáil ar bun. Ar bhonn na sonraí a bhaileofar, tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus anailís á déanamh ar an bhfaisnéis ábhartha agus faisnéis á foilsiú maidir le longa agus cuideachtaí ag a bhfuil feidhmíocht íseal agus an- íseal de bhun Threoir 2009/16/CE.

Forbróidh an Ghníomhaireacht uirlisí agus seirbhísí ábhartha lena dtabharfar cúnamh do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, a gcuid oibleagáidí faoi Threoir 2009/16/CE a chomhlíonadh.

Soláthróidh an Ghníomhaireacht freisin clár forbartha gairmiúla agus oiliúna do chigirí an rialaithe Stáit ar chalafoirt de chuid na mBallstát, dá ndéantar foráil in [Airteagal 22(7)] de Threoir 2009/16/CE réamhluaite.

4. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir leis an mbunachar sonraí dá ndéantar foráil in Airteagal 17 de Threoir 2009/18/CE a fhorbairt agus a choinneáil ar bun. Ar bhonn na sonraí a bhaileofar, tiomsóidh an Ghníomhaireacht forbhreathnú bliantúil ar thaismigh agus teagmhais mhuirí. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, má iarrann na Ballstáit lena mbaineann amhlaidh agus i gcás nach n- eascróidh aon choinbhleacht leasa as, tacaíocht oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit sin maidir le himscrúduithe sábháilteachta. Déanfaidh an Ghníomhaireacht anailís freisin ar thuarascálacha um imscrúduithe sábháilteachta d'fhonn breisluach a shainaithint ar leibhéal an Aontais i dtéarmaí aon cheacht ábhartha a bheidh le baint.

Soláthróidh an Ghníomhaireacht clár forbartha gairmiúla agus oiliúna do na hÚdaráis inniúla um imscrúdú ar thimpistí sábháilteachta muirí.

5. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus Treoracha 2009/45/CE[34] agus 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] agus Treoir 98/41/CE ón gComhairle[36] á gcur chun feidhme. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, go háirithe, bunachar sonraí a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun bearta a thaifeadadh dá ndéantar foráil in Airteagal 9 de Threoir 2009/45/CE agus Airteagal 9 de Threoir 98/41/CE agus tabharfaidh sí cúnamh don Choimisiún agus measúnú á dhéanamh ar na bearta sin.

6. Éascóidh an Ghníomhaireacht an comhar agus an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar na heagraíochtaí aitheanta a dhéanann cúraimí suirbhéireachta

---

34 Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

35 Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le ceanglais chobhsaíochta shonracha do longa paisinéirí róró (IO L 123, 17.5.2003, lch. 22).

36 Treoir 98/41/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1998 maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu (IO L 188, 2.7.1998, lch. 35).

agus deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009[37]. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, go háirithe, an méid seo a leanas:

(a) tuairim a sholáthar don Choimisiún maidir lena measúnú ar na heagraíochtaí aitheanta faoi Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009;

(b) faisnéis iomchuí a sholáthar do na Ballstáit i gcomhthéacs na gcigireachtaí a dhéantar chun tacú le measúnú an Choimisiúin faoi Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 d'fhonn tacú le faireachán agus formhaoirseacht a dhéanamh ar na heagraíochtaí aitheanta de réir Airteagal 9 de Threoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], ar eagraíochtaí iad a thacaíonn leis na Ballstáit agus iad ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí Aontais agus idirnáisiúnta mar Stáit bhrataí. Ina leith sin, tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus é ag bainistiú an ghrúpa ardleibhéil um ábhair a bhaineann le Stáit bhrataí faoi [Airteagal 9(1)] de Threoir 2009/21/CE.

(c) moladh agus cúnamh teicniúil a sholáthar don Choimisiún, ar a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún, maidir le bearta feabhais a d'fhéadfadh a bheith ann nó maidir le fíneálacha a ghearradh ar na heagraíochtaí aitheanta i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

7. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] á cur chun feidhme trína mheasúnú teicniúil ar ghnéithe sábháilteachta a sholáthar, trí mholtaí a sholáthar in éineacht le liostaí de na ceanglais deartha, tógála agus feidhmíochta agus de na caighdeáin tástála faoi seach, an bunachar sonraí dá ndéantar foráil in Airteagal 35(4) den Treoir sin a fhorbairt agus a choinneáil ar bun agus comhar a éascú idir chomhlachtaí measúnúcháin faoina dtugtar fógra, ar comhlachtaí iad a ghníomhaíonn mar an rúnaíocht theicniúil dá ngrúpa comhordúcháin.

8. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus rioscaí sábháilteachta á sainaithint acu a bhaineann le longa dromchla muirí atá uathrialaitheach agus uathoibrithe (MASS) a fhorbairt, agus tabharfaidh sí cúnamh do na Ballstáit trí threoraíocht agus lámhleabhair a éascú, trí thaighde agus forbairt a dhéanamh ar uirlisí digiteacha ábhartha, chun formheas a fháil le haghaidh tionscadail agus/nó oibríochtaí MASS.

9. Baileoidh an Ghníomhaireacht sonraí maidir le maraithe agus déanfaidh sí anailís orthu, ar sonraí iad a sholáthrófar agus a úsáidfear i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/993 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40]. Féadfaidh sí sonraí a bhailiú freisin agus anailís a dhéanamh orthu maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin Oibreachais Mhuirí, 2006 (MLC, 2006) d'fhonn cúnamh a thabhairt maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtála maraithe ar bord.

---

[37] Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11).

[38] Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus maidir le gníomhaíochtaí ábhartha lucht riaracháin muirí (IO L 131, 28.5.2009, lch. 47).

[39] Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n- aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle (IO L 257, 28.8.2014, lch. 146).

[40] Treoir (AE) 2022/993 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (IO L 169, 27.6.2022, lch. 45).

*Airteagal 5*

**Cúraimí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht**

1. Tacóidh an Ghníomhaireacht leis na Ballstáit ar bhealach costéifeachtúil trí thuilleadh modhanna freagartha ar thruailliú a sholáthar i gcás truailliú ó longa chomh maith le truailliú muirí ó shuiteálacha ola agus gáis. Gníomhóidh an Ghníomhaireacht amhlaidh arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, ar faoi údarás an Bhallstáit sin a dhéanfar na hoibríochtaí glantacháin. Tá an cúnamh sin gan dochar don fhreagracht atá ar Stáit chósta sásraí iomchuí freagartha ar thruailliú a bheith i bhfeidhm acu agus urramófar léi an comhar atá ann cheana idir na Ballstáit sa réimse seo. Leis na modhanna oibríochtúla a sholáthróidh an Ghníomhaireacht do na Ballstáit, cuirfear san áireamh aistriú na hearnála chuig foinsí inbhuanaithe malartacha cumhachta le haghaidh long agus déanfar freastal ar an aistriú sin leo. De réir mar is iomchuí, déanfar iarrataí ar ghníomhaíochtaí in aghaidh an truaillithe a shlógadh a chur ar aghaidh tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta arna bhunú le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41].

2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus iad ag brath truailliú féideartha agus ag dul sa tóir ar longa a dhéanann sceití neamhdhleathacha i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh go háirithe maidir le cur chun feidhme Airteagal [10, 10a, 10b, 10c agus 10d] den Treoir sin trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) an córas faisnéise is gá (CleanSeaNet), mar chuid de Chóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet), agus bunachair sonraí a fhorbairt agus a choinneáil ar bun;

(b) an fhaisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú Threoir 2005/35/CE a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh;

(c) fothú acmhainneachta a sholáthar do na húdaráis náisiúnta inniúla agus malartú dea- chleachtas a éascú;

(d) an bealach tuairiscithe seachtrach ar líne a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun faisnéis a fháil agus a láimhseáil maidir le sceití neamhdhleathacha ionchasacha arna gcur in iúl ag an bhfoireann agus chun an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann.

3. Soláthróidh an Ghníomhaireacht an tseirbhís CleanSeaNet agus aon uirlis eile chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, faireachán a dhéanamh ar mhéid agus ar thionchar comhshaoil an truaillithe ola mhuirí ó shuiteálacha ola agus gáis.

4. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus Treoir (AE) 2019/883 maidir le saoráidí glactha calafoirt chun dramhaíl a sheachadadh ó longa á cur chun feidhme. Go háirithe, tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir leis an mbunachar sonraí cigireachta dá ndéantar foráil in Airteagal 14 den Treoir sin a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

5. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit i gcomhthéacs chur chun feidhme Threoir 2008/56/CE, trí rannchuidiú leis an gcuspóir maidir le dea- stádas comhshaoil uiscí mara a bhaint amach i dtaca leis na heilimintí a bhaineann leis an loingseoireacht agus iad ag saothrú thorthaí na n- uirlisí atá ann cheana amhail na Seirbhísí Muirí Comhtháite. Ina leith sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht tuilleadh taighde ar shaincheisteanna a bhaineann le coimeádáin

[41] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

chaillte, lena n- áirítear millíní plaisteacha agus torann faoi uisce agus soláthróidh sí moltaí don Choimisiún agus do na Ballstáit.

6. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit, lena n- áirítear maidir le huirlisí agus seirbhísí oibríochtúla, agus na heilimintí loingseoireachta de Threoir (AE) 2016/802 á gcur chun feidhme. Ina leith sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht bunachar sonraí a fheabhsú agus a choinneáil ar bun lena soláthrófar cúnamh do na Ballstáit maidir le longa a spriocdhíriú agus a chur in ord tosaíochta go hiomchuí le haghaidh cigireachtaí bunaithe ar an riosca a bhaineann le neamhchomhlíonadh na Treorach sin.

7. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, le huirlisí agus seirbhísí oibríochtúla iomchuí maidir le faireachán agus bailiú sonraí i ndáil le hastaíochtaí ocsaídí nítrigine (NOx) ó longa.

8. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] á chur chun feidhme acu trí threoraíocht iomchuí a eisiúint agus trí shonraí maidir le comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin sin a bhailiú agus a anailísiú.

9. Cuirfidh an Ghníomhaireacht tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach 3 bliana maidir leis an dul chun cinn a dhéantar chun tionchar comhshaoil an iompair mhuirí a laghdú ar leibhéal an Aontais.

*Airteagal 6*

**Cúraimí a bhaineann leis an dícharbónú**

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar dhul chun cinn maidir leis na bearta oibríochtúla agus teicniúla a dhéantar chun éifeachtúlacht fuinnimh long a mhéadú agus breoslaí agus córais fuinnimh agus chumhachta inbhuanaithe mhalartacha do longa a chur in úsáid, lena n- áirítear soláthar cumhachta ar tír agus cúnamh tiomána gaoithe, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú.

2. Soláthróidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil don Choimisiún agus do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, i ndáil le hiarrachtaí rialála chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú. Ina leith sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht aon uirlis nó seirbhís oibríochtúil a úsáid atá ábhartha don chúram. Ina leith sin, molfaidh an Ghníomhaireacht treoraíocht nó moltaí ábhartha go háirithe agus déanfaidh sí taighde agus anailís orthu i ndáil le glacadh agus cur in úsáid breoslaí, fuinnimh agus córais chumhachta inbhuanaithe mhalartacha do longa, lena n- áirítear soláthar cumhachta ar tír agus cúnamh tiomána gaoithe, agus i ndáil le bearta um éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith.

3. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus Rialachán (AE) [.., maidir le breoslaí in- athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid san iompar muirí] á chur chun feidhme. Go háirithe, tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir leis an mbunachar sonraí FuelEU agus uirlisí TF ábhartha eile dá dtagraítear in [Airteagal 16] den Rialachán sin a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, leis na huirlisí faireacháin, treoraíocht agus uirlisí spriocdhírithe rioscabhunaithe iomchuí a fhorbairt chun gníomhaíochtaí fíorúcháin agus forfheidhmiúcháin a éascú dá ndéantar foráil in [Airteagal 15 ter] den Rialachán sin agus le hanailís a dhéanamh ar na sonraí ábhartha agus leis an tuairisciú a ullmhú faoi [Airteagal 28] den Rialachán sin.

---

[42] Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir Uimh. 2009/16/CE (IO L 330, 10.12.2013, lch. 1).

4. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus Rialachán (AE) 2015/757 á chur chun feidhme. Go háirithe, tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir le huirlisí TF, bunachair sonraí agus treoraíocht ábhartha a fhorbairt, a thabhairt cothrom le dáta agus a choinneáil ar bun chun an Rialachán sin a chur chun feidhme agus chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a éascú, tabharfaidh sí cúnamh don Choimisiún maidir le hanailís a dhéanamh ar shonraí ábhartha arna dtuairisciú faoin Rialachán sin, agus tacóidh sí leis an gCoimisiún ina chuid gníomhaíochtaí chun na hoibleagáidí faoi Airteagal 21 den Rialachán sin a chomhlíonadh.

5. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit agus Treoir 2003/87/CE á cur chun feidhme, de réir mar is ábhartha don earnáil muirí. Go háirithe, tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir le huirlisí cur chun feidhme TF, uirlisí faireacháin, treoraíocht agus uirlisí spriocdhírithe rioscabhunaithe iomchuí a fhorbairt chun gníomhaíochtaí fíorúcháin, forfheidhmiúcháin agus cur chun feidhme a bhaineann le Treoir 2003/87/CE a éascú, de réir mar is ábhartha don earnáil muirí, agus torthaí na n- uirlisí, na seirbhísí agus na mbunachar sonraí ábhartha atá ann cheana á saothrú an tráth céanna.

6. Cuirfidh an Ghníomhaireacht tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach 3 bliana maidir leis an dul chun cinn a dhéantar chun dícharbónú an iompair mhuirí a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. I gcás inar féidir, áireofar sa tuarascáil anailís theicniúil ar shaincheisteanna arna sainaithint a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais.

*Airteagal 7*

**Cúraimí a bhaineann le slándáil agus cibearshlándáil mhuirí**

1. Soláthróidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil don Choimisiún agus é ag feidhmiú na gcúraimí cigireachta a shanntar dó de bhun Airteagal 9(4) de Rialachán (CE) Uimh. 725/2004.

2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit, mar aon le haon chomhlacht ábhartha eile de chuid an Aontais, chun athléimneacht a fhorbairt in aghaidh teagmhais chibearshlándála san earnáil muirí, go háirithe trí mhalartú dea- chleachtas agus faisnéise maidir le teagmhais chibearshlándála idir na Ballstáit a éascú.

*Airteagal 8*

**Cúraimí a bhaineann leis an bhfaireachas muirí agus géarchéimeanna muirí**

1. Soláthróidh an Ghníomhaireacht seirbhísí faireachais agus cumarsáide muirí don Choimisiún agus do na Ballstáit arna n- iarraidh sin dóibh, a bheidh bunaithe ar theicneolaíocht úrscothach, lena n- áirítear bonneagar spás- bhunaithe agus bonneagar talún chomh maith le braiteoirí atá suiteáilte ar ardán d’aon chineál, rud a chuirfidh feabhas ar fheasacht ar réimsí muirí.

2. I réimse an fhaireacháin tráchta atá cumhdaithe le Treoir 2002/59/CE, cothóidh an Ghníomhaireacht, go háirithe, comhar idir bruach- Stáit sna réimsí loingseoireachta lena mbaineann, agus forbróidh sí agus oibreoidh sí Lárionad an Aontais Eorpaigh um Shonraí maidir le haithint agus Rianú Fadraoin Long (Lárionad Sonraí LRIT Eorpach) agus Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet) dá dtagraítear in Airteagal 6b agus in Airteagal 22a den Treoir sin chomh maith le córas malartaithe sonraí faisnéise um Aithint agus Rianú Idirnáisiúnta Fadraoin Long a fhorbairt agus a oibriú i gcomhréir leis an ngealltanas a rinneadh in ‘EMI.

3. Tríd an méid seo a leanas a sholáthar, arna iarraidh sin agus gan dochar don dlí náisiúnta ná do dhlí an Aontais, sonraí ábhartha suite soithí agus um fhaire na Cruinne do na húdaráis inniúla náisiúnta agus do chomhlachtaí ábhartha an Aontais de réir a sainordaithe, chun cabhrú le bearta in aghaidh bhagairtí na píoráideachta agus bhagairtí ó ghníomhartha neamhdhleathacha a dhéanfaí d’aon turas,

faoi mar a fhoráiltear dó i ndlí infheidhme an Aontais nó faoi ionstraimí dlí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta i réimse an iompair mhuirí, faoi réir na rialacha infheidhme maidir le cosaint sonraí agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta riaracháin a bhunóidh an Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE, de réir mar is iomchuí. Beidh soláthar sonraí maidir le sainaithint agus rianú fadraoin long faoi réir thoiliú an Stáit brataí lena mbaineann.

4. Oibreoidh an Ghníomhaireacht lárionad a mbeidh fáil air 24 uair an chloig in aghaidh an lae agus 7 lá sa tseachtain, ina soláthrófar, arna iarraidh sin agus gan dochar do dhlí náisiúnta agus do dhlí an Aontais, don Choimisiún, do na húdaráis náisiúnta inniúla, gan dochar dá gcearta agus dá bhfreagrachtaí mar Stáit bhrataí, Stáit chósta agus Stáit chalafoirt, agus do chomhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais, laistigh dá sainordú, feasacht ar réimsí muirí agus sonraí anailíseacha, de réir mar is iomchuí, lena dtacófar leo maidir chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) sábháilteacht, slándáil agus truailliú ar muir;

(b) cásanna éigeandála ar muir;

(c) aon reachtaíocht Aontais a chur chun feidhme lena gceanglaítear faireachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí long;

(d) bearta in aghaidh bhagairtí na píoráideachta agus bhagairtí ó ghníomhartha neamhdhleathacha a dhéanfaí d’aon turas, faoi mar a fhoráiltear dó i ndlí infheidhme an Aontais nó faoi ionstraimí dlí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta i réimse an iompair mhuirí;

(e) MASS a chur in úsáid agus a n- idirghníomhú le gnáth longa.

Beidh soláthar na faisnéise sin faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta riaracháin a bhunóidh an Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil arna bhunú i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE, de réir mar is iomchuí. Beidh soláthar sonraí maidir le sainaithint agus rianú fadraoin long faoi réir thoiliú an Stáit brataí lena mbaineann.

5. Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht laistigh dá réimse inniúlachta le freagairt thráthúil a thabhairt do ghéarchéimeanna agus iad a mhaolú trí chúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún, arna iarraidh sin, maidir le pleananna teagmhasacha a chur i gcrích agus trí mhalartú faisnéise agus dea- chleachtas a éascú.

6. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir leis an ngné faireachais mhuirí de Sheirbhís Slándála Copernicus a oibriú laistigh den chreat rialachais agus airgeadais den chlár Copernicus.

7. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir leis an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise (CISE) a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, ar réiteach idir- inoibritheachta é, d’fhonn malartú faisnéise a éascú idir córais éagsúla a úsáideann údaráis shibhialta agus mhíleata a bhfuil freagracht orthu sa réimse muirí, rud a chomhlánóidh an fhaisnéis atá ar fáil cheana féin trí na córais faisnéise shainordaitheacha.

*Airteagal 9*

**Cúraimí a bhaineann leis an digitiú agus an simpliú**

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcás inarb iomchuí, staidreamh, faisnéis agus sonraí oibiachtúla, iontaofa agus inchomparáide a bhailiú agus a sholáthar, i réimsí dhlí an Aontais faoi réir inniúlacht na Gníomhaireachta, chun é a chur ar a gcumas don Choimisiún agus do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun feabhas a chur ar a gcuid gníomhaíochtaí agus meastóireacht a dhéanamh

ar éifeachtacht agus costéifeachtúlacht na mbeart atá ann cheana. Áireofar ar na cúraimí sin deimhnithe leictreonacha a éascú agus a chur chun cinn, sonraí teicniúla a bhailiú, a thaifeadadh agus meastóireacht a dhéanamh orthu, na bunachair sonraí atá ann cheana a shaothrú ar bhonn sistéamach, lena n- áirítear iad a chomhroinnt trí úsáid a bhaint as TF nuálach agus uirlisí intleachta saorga, agus, i gcás inarb iomchuí, bunachair sonraí idir- inoibritheacha breise a fhorbairt. Ina leith sin, rannchuideoidh an Ghníomhaireacht freisin le réimse muirí an spáis choitinn Eorpaigh do shonraí soghluaisteachta trí fhiosrú a dhéanamh ar naisc le córais córacha eile iompair.

2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43] á chur chun feidhme, i ndáil leis na cúraimí seo a leanas:

(a) comhpháirteanna agus seirbhísí coiteanna TF na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (‘EMSWe’) a fhorbairt, a chur ar fáil agus a choinneáil ar bun faoi fhreagracht an Choimisiúin;

(b) Tacar Sonraí EMSWe, an Treoir um Chur Chun Feidhme Teachtaireachtaí agus teimpléid na scarbhileog digiteach a choinneáil ar bun;

(c) treoraíocht theicniúil a sholáthar do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme EMSWe.

(d) athúsáid agus comhroinnt sonraí a mhalartaítear in EMSWe a éascú agus SafeSeaNet á úsáid.

3. Soláthróidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh agus gan dochar dá gcearta agus dá n- oibleagáidí mar Stáit bhrataí, maidir lena gcuid clár agus nósanna imeachta a dhigitiú, rud a éascóidh glacadh na ndeimhnithe leictreonacha.

*Airteagal 10*

**Cuairteanna ar Bhallstáit agus cigireachtaí**

1. Chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir lena chuid dualgas faoi CFAE a chomhlíonadh, agus go háirithe maidir le measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach dhlí ábhartha an Aontais, tabharfaidh an Ghníomhaireacht cuairteanna ar na Ballstáit i gcomhréir le modheolaíocht arna bunú ag an mBord Bainistíochta. Cuirfear san áireamh sa mhodheolaíocht sin cur chuige comhtháite le haghaidh gach cuairte lena ndíreofar ar níos mó ná píosa reachtaíochta amháin a fhíorú gach uair le linn na cuairte, ar píosaí reachtaíochta iad atá ábhartha d’fheidhm an Bhallstáit a bheidh faoi scrúdú mar Stát brataí, Stát calafoirt nó Stát cósta.

2. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an Ballstát lena mbaineann ar an eolas in am tráthúil faoin gcuairt atá pleanáilte, faoi ainm na n- oifigeach údaraithe, agus faoin dáta ar a dtosóidh an chuairt agus an fad a mhairfidh sí. Maidir leis na hoifigigh atá tarmligthe chun cuairteanna mar sin a thabhairt, déanfaidh siad amhlaidh ach cinneadh i scríbhinn a fháil ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta lena sonrófar cuspóir agus aidhmeanna a misin.

3. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cigireachtaí a dhéanamh thar ceann an Choimisiúin mar a cheanglaítear le gníomhartha dlí ceangailteacha an Aontais maidir le heagraíochtaí a aithníonn an

[43] Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n- aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64).

tAontas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, agus a mhéid a bhaineann le hoiliúint agus deimhniú maraithe i dtríú tíortha i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/993.

4. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cigireachtaí a dhéanamh thar ceann an Choimisiúin freisin mar a cheanglaítear le haon ghníomh dlí ceangailteach eile de chuid an Aontais má chinneann an Coimisiún an cúram sin a tharmligean chuig an nGníomhaireacht.

5. Ag deireadh gach cuairte nó gach cigireachta, déanfaidh an Ghníomhaireacht tuarascáil a tharraingt suas agus a chur chuig an gCoimisiún agus chuig an mBallstát lena mbaineann. Sa tuarascáil leanfaí an teimpléad a bhunaigh an Coimisiún roimhe seo.

6. I gcás inarb iomchuí, agus in aon chás ina gcuirfear timthriall cigireachtaí nó cuairteanna i gcrích, déanfaidh an Ghníomhaireacht anailís ar thuarascálacha ón timthriall sin d'fhonn torthaí cothrománacha agus conclúidí ginearálta ar éifeachtacht agus ar chost- éifeachtúlacht na mbeart atá ar bun a shainaithint. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an anailís sin faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh tuilleadh plé leis na Ballstáit chun aon cheacht ábhartha a tharraingt aisti agus chun scaipeadh na ndea- chleachtas oibre a éascú.

*CAIBIDIL III*

**CÚRAIMÍ EILE NA GNÍOMHAIREACHTA MAIDIR LE CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA AGUS COMHAR EORPACH UM AN nGARDA CÓSTA**

*Airteagal 11*

**Caidreamh idirnáisiúnta**

1. Agus cúnamh teicniúil á sholáthar do na Ballstáit agus don Choimisiún chun cur le hobair ábhartha na gcomhlachtaí teicniúla mar IMO, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a mhéid a bhaineann le loingseoireacht, agus Meabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt ('MCT Pháras') agus eagraíochtaí réigiúnacha ábhartha a bhfuil an tAontas aontaithe dóibh, i ndáil le ceisteanna a bhaineann le hinniúlacht an Aontais.

Chun na cúraimí sin a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cinneadh a dhéanamh foireann a lonnú i dtoscaireachtaí Aontais i dtríú tíortha faoi réir na gcomhaontuithe iomchuí leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Chun an cinneadh sin a dhéanamh éilítear toiliú roimh ré ón gCoimisiún agus ón mBord Bainistíochta. Leis an gcinneadh sin sonrófar raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ag an bhfoireann arna lonnú ar bhealach a sheachnóidh costais neamhriachtanacha agus feidhmeanna riaracháin na Gníomhaireachta a dhéanamh faoi dhó.

2. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, arna iarraidh sin don Choimisiún, cúnamh teicniúil a sholáthar, lena n- áirítear eagrú gníomhaíochtaí oiliúna ábhartha, a mhéid a bhaineann le gníomhartha dlí ábhartha an Aontais, do Stáit atá ag cur isteach ar aontachas leis an Aontas, agus i gcás inarb iomchuí, do thíortha comhpháirtíochta Chomharsanacht na hEorpa agus do thíortha atá páirteach in MC Pháras.

3. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, arna iarraidh sin don Choimisiún nó don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, nó don dá cheann díobh, cúnamh a sholáthar i gcás truailliú ó longa chomh maith le truailliú muirí ó shuiteálacha ola agus gáis a dhéanann difear do thríú tíortha a chomhroinneann imchuach farraige réigiúnach leis an Aontas. Soláthróidh an Ghníomhaireacht an

cúnamh i gcomhréir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE, agus i gcomhréir leis na coinníollacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán seo arna gcur i bhfeidhm de réir analaí maidir leis na tríú tíortha. Déanfar na cúraimí sin a chomhordú leis na socruithe comhair réigiúnacha atá ann cheana agus a bhaineann le truailliú muirí.

4. Gan dochar d'Airteagal 24, féadfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil a sholáthar do thríú tíortha le haghaidh ábhair a thagann faoina hinniúlacht, arna iarraidh sin don Choimisiún.

5. Féadfaidh an Ghníomhaireacht socruithe riaracháin agus comhar a dhéanamh le comhlachtaí eile de chuid an Aontais a oibríonn sna hábhair a thagann faoi raon feidhme a hinniúlachta tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún. Beidh na socruithe agus an comhar sin faoi réir thuairim an Choimisiúin agus an tuairiscithe thréimhsiúil dó.

6. Glacfaidh an Bord Bainistíochta straitéis um chaidreamh idirnáisiúnta na Gníomhaireachta maidir le hábhair a thagann faoina hinniúlacht. Beidh an straitéis sin i gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin agus beidh sé d'aidhm aici cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí na tosaíochtaí sin a chomhlíonadh. Beidh an straitéis sin san áireamh i ndoiciméad clársceidealaithe na Gníomhaireachta, ina sonrófar na hacmhainní a ghabhfaidh léi.

*Airteagal 12*

**Comhar Eorpach um fheidhmeanna garda cósta**

1. I gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, arna bunú le Rialachán (AE) 2019/1896, agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, arna bunú le Rialachán (AE) 2019/473, agus an dá cheann díobh sin laistigh dá sainordú, tacóidh an Ghníomhaireacht leis na húdaráis náisiúnta agus iad i mbun chúraimí an gharda cósta, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal idirnáisiúnta, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhroinnt, comhtháthú agus anailísiú a dhéanamh ar fhaisnéis atá le fáil i gcórais tuairiscithe long agus i gcórais faisnéise eile arna n- óstáil ag na gníomhaireachtaí sin nó atá ar fáil dóibh, i gcomhréir lena mbunúis dlí faoi seach agus gan dochar d'úinéireacht na mBallstát ar na sonraí sin;

(b) seirbhísí faireachais agus seirbhísí cumarsáide a chur ar fáil arna mbunú sin ar theicneolaíocht úrscothach, lena n- áirítear bonneagar spás- bhunaithe agus bonneagar talún chomh maith le braiteoirí atá suite ar ardán d'aon chineál;

(c) acmhainneacht a fhothú trí threoirlínte agus moltaí a tharraingt suas agus trí dhea- chleachtais a bhunú, agus trí oiliúint agus malartú foirne a chur ar fáil;

(d) malartú faisnéise agus comhar um fheidhmeanna garda cósta a fheabhsú lena n- áirítear trí dhúshláin oibríochtúla agus rioscaí atá ag teacht chun cinn sa réimse muirí a anailísiú;

(e) acmhainní a chomhroinnt trí oibríochtaí ilchuspóireacha a phleanáil agus a chur chun feidhme agus trí shócmhainní agus acmhainneachtaí eile a chomhroinnt, a mhéid a dhéanann na gníomhaireachtaí sin na gníomhaíochtaí sin a chomhordú agus a chomhaontaíonn údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann leo.

2. Gan dochar do chumhachtaí Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta a leagtar amach in Airteagal 15, is de réir socrú oibre a chinnfear foirmeacha beachta an chomhair um fheidhmeanna garda cósta idir an Ghníomhaireacht, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, socrú oibre a bheidh i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis na Gníomhaireachtaí. Déanfaidh Bord Riaracháin na Gníomhaireachta, Bord Riaracháin na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach agus bord bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta socrú den sórt sin a fhormheas.

3. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, leis an nGníomhaireacht, leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach lámhleabhar praiticiúil a chur ar fáil maidir le comhar Eorpach um fheidhmeanna garda cósta. Beidh sa lámhleabhar sin treoirlínte, moltaí agus dea- chleachtais i ndáil le faisnéis a mhalartú. Glacfaidh an Coimisiún an lámhleabhar i bhfoirm molta.

4. Ní bheidh na cúraimí a leagtar amach san Airteagal seo díobhálach do chúraimí na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagail 4 go 12 agus ní sháróidh siad cearta agus oibleagáidí na mBallstát, go háirithe mar Stáit bhrataí, Stáit an chalafoirt agus Stáit chósta.

*Airteagal 13*

**Cumarsáid agus scaipeadh**

Féadfaidh an Ghníomhaireacht dul i mbun gníomhaíochtaí cumarsáide ar a thionscnamh féin sna réimsí a thagann faoina sainordú. Ní chuirfidh gníomhaíochtaí cumarsáide isteach ar an gcuid eile de na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 4 go 13 agus déanfar iad i gcomhréir le pleananna ábhartha cumarsáide agus scaipthe arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta na pleananna sin cothrom le dáta go tráthrialta, bunaithe ar anailís ar riachtanais.

*CAIBIDIL IV*

**EAGRÚ NA GNÍOMHAIREACHTA**

*Airteagal 14*

**Struchtúr riaracháin agus bainistíochta**

Is mar seo a leanas a bheidh struchtúr riaracháin agus bainistíochta na Gníomhaireachta:

(a) Bord Bainistíochta a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 16;

(b) Bord Feidhmiúcháin a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 21;

(c) Stiúrthóir Feidhmiúcháin, a fheidhmeoidh na dualgais a leagtar amach in Airteagal 23.

*Airteagal 15*

**Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta**

1. Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus ceathrar ionadaithe ón gCoimisiún, agus beidh cearta vótála acu uile.

Áireofar ar an mBord Bainistíochta freisin ceathrar gairmithe ó na hearnálacha is mó lena mbaineann, mar a thagraítear dó sin in Airteagal 2, arna gceapadh ag an gCoimisiún, gan ceart vótála a bheith acu.

Déanfar comhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta a cheapadh ar bhonn an mhéid taithí agus saineolais ábhartha a bheidh acu sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 2. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, araon a ndícheall le go mbeidh ionadaíocht chothrom ar fhir agus ar mhná ar an mBord Bainistíochta. Beidh duine den cheathrar gairmithe ina ionadaí don Chreat Buanchomhair do chomhlachtaí imscrúdaithe timpistí i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2009/18/CE.

3. Ceapfaidh gach Ballstát agus an Coimisiún a gcomhaltaí den Bhord Bainistíochta chomh maith le comhalta malartach a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gcomhalta nuair a bheidh sé nó sí as láthair.

4. 4 bliana a bheidh i ré an téarma oifige. Féadfar an téarma oifige a athnuachan.

5. Déanfaidh gach comhalta agus gach comhalta malartach ráiteas i scríbhinn a shíniú an tráth a rachaidh sé nó sí in oifig á dhearbhú nach bhfuil coinbhleacht leasanna ann ina leith. Déanfaidh gach comhalta agus gach comhalta malartach a ráiteas a nuashonrú i gcás ina dtiocfaidh athrú ar imthosca maidir le haon choinbhleacht leasanna. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na ráitis agus na nuashonruithe ar a suíomh gréasáin.

*Airteagal 16*

**Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta**

1. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Ghníomhaireacht a cuid cúraimí, déanfaidh an Bord Bainistíochta an méid seo a leanas:

(a) na treoshuíomhanna ginearálta agus straitéiseacha a thabhairt le haghaidh ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta;

(b) doiciméad clársceidealaithe aonair na Gníomhaireachta a ghlacadh gach bliain, trí thromlach dhá thrian dá comhaltaí a bhfuil cearta vótála acu, tar éis tuairim an Choimisiúin a fháil agus i gcomhréir le hAirteagal 17;

(c) buiséad bliantúil agus plean bunaithe foirne na Gníomhaireachta a ghlacadh, trí thromlach dhá thrian dá comhaltaí a bhfuil cearta vótála acu, agus feidhmeanna eile a fheidhmiú i leith bhuiséad na Gníomhaireachta de bhun Chaibidil VI;

(d) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a ghlacadh, trí thromlach dhá thrian dá comhaltaí a bhfuil cearta vótála acu, agus í a chur ar aghaidh gach bliain faoin 1 Iúil chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, an Chúirt Iniúchóirí agus na Ballstáit. Cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí;

(e) na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25;

(f) tuairim a sholáthar maidir le cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta;

(g) modheolaíocht a bhunú do na cuairteanna a dhéanfar de bhun Airteagal 10. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún in iúl, laistigh de 15 lá ón dáta a ghlacfar an mhodheolaíocht, nach n- aontaíonn sé léi, déanfaidh an Bord Bainistíochta an mhodheolaíocht a athscrúdú agus a ghlacadh, agus leasú a bheith déanta uirthi más iomchuí, ar an dara léamh trí thromlach dhá thrian, lena n- áirítear ionadaithe an Choimisiúin, nó d'aon toil ionadaithe na mBallstát;

(h) socruithe riaracháin a bhreithniú agus a fhormheas, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 11(5);

(i) straitéis frithchalaoise a ghlacadh, atá comhréireach leis na rioscaí calaoise agus costais agus tairbhí na mbeart a bheidh le cur chun feidhme á gcur san áireamh;

(j) rialacha a ghlacadh maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i leith a comhaltaí agus dearbhú leasanna chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta a fhoilsiú go bliantúil ar a suíomh gréasáin;

(k) na pleananna cumarsáide agus scaipthe dá dtagraítear in Airteagal 13 a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta, bunaithe ar anailís ar na riachtanais;

(l) a rialacha nós imeachta a ghlacadh;

(m) comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin a cheapadh, trí thromlach dhá thrian dá comhaltaí a bhfuil cearta vótála acu, i gcomhréir le hAirteagal 21;

(n) sainordú a ghlacadh le haghaidh chúraimí an Bhoird Feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21;

(o) na cumhachtaí a fheidhmiú, i ndáil le foireann na Gníomhaireachta agus i gcomhréir le mír 2, a thugtar le Rialacháin Foirne na nOifigeach don Údarás Ceapacháin agus leis na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile don Údarás atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt i gCrích[44];

(p) rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun feidhm a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i gcomhréir le hAirteagal 110 (2) de na Rialacháin Foirne;

(q) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, treoraíocht a sholáthar dó agus faireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht agus, i gcás inarb ábhartha, síneadh a chur lena théarma oifige nó é a chur as oifig i gcomhréir le hAirteagal 22;

(r) nósanna imeachta a bhunú le haghaidh chinnteoireacht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin;

(s) más iomchuí, Oifigeach Cuntasaíochta a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, a bheidh go hiomlán neamhspleách agus é nó í ag comhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas;

(t) a áirithiú go ndéanfar obair leantach leormhaith ar thorthaí agus ar mholtaí a eascróidh as na tuarascálacha iniúchóireachtaí agus ó mheastóireachtaí, inmheánacha nó seachtracha, agus ó imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith- Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE);

---

44 Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1)

(u) cinntí uile a ghlacadh maidir le bunú struchtúir inmheánacha na Gníomhaireachta, lena n- áirítear bunú meithleacha nó grúpaí comhairleacha agus, i gcás inar gá, maidir lena modhnú;

(v) cinneadh a dhéanamh maidir leis na seirbhísí a fhéadfaidh an Ghníomhaireacht a thairiscint in aghaidh táillí agus muirear agus samhail de chreat a ghlacadh chun na táillí agus na muirir is iníoctha a chionroinnt ó thaobh an airgeadais de mar a thagraítear dó sin in Airteagal 26(3), pointe (c). I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún in iúl, laistigh de 15 lá ón dáta a ghlacfar an cinneadh ón mBord Bainistíochta maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear in aghaidh táillí nó an tsamhail de chreat, nach gcomhaontaíonn sé leo, déanfaidh an Bord Bainistíochta iad a athscrúdú agus a ghlacadh, agus leasú a bheith déanta orthu más iomchuí, ar an dara léamh trí thromlach dhá thrian, lena n- áirítear ionadaithe an Choimisiúin, nó d’aon toil ionadaithe na mBallstát;

(w) straitéis um ghnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a ghlacadh;

(x) straitéis a ghlacadh le haghaidh comhair le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, nó an dá cheann, dá dtagraítear in Airteagal 11(6). I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún in iúl, laistigh de 15 lá ón dáta a ghlacfar an straitéis, nach gcomhaontaíonn sé léi, déanfaidh an Bord Bainistíochta an straitéis a athscrúdú agus a ghlacadh, agus leasú a bheith déanta uirthi más iomchuí, ar an dara léamh trí thromlach dhá thrian, lena n- áirítear ionadaithe an Choimisiúin, nó d’aon toil ionadaithe na mBallstát;

(y) rialacha slándála inmheánacha na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 41 a ghlacadh;

(z) oifigeach cosanta sonraí na Gníomhaireachta a cheapadh.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne, cinneadh ar bhonn Airteagal 2 (1) de na Rialacháin Foirne agus ar bhonn Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéantar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus lena sainítear na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin údaraithe na cumhachtaí sin a fho- tharmligean.

Nuair is gá mar gheall ar imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta, trí mheán cinnidh, tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin don Stiúrthóir Feidhmiúcháin chomh maith leo siúd arna dtarmligean aige, a chur ar fionraí agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean do dhuine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas don Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

*Airteagal 17*

**Clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil**

1. Faoin 30 Samhain gach bliain glacfaidh an Bord Bainistíochta doiciméad clársceidealaithe aonair ina mbeidh an clársceidealú ilbhliantúil agus bliantúil, bunaithe ar dhréacht arna chur chun tosaigh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus an tuairim ón gCoimisiún á cur san áireamh aige. Cuirfidh sé ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún é.

I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún in iúl, laistigh de 15 lá ón dáta a ghlacfar an doiciméad clársceidealaithe aonair, nach gcomhaontaíonn sé leis an doiciméad, déanfaidh an Bord Bainistíochta an doiciméad clársceidealaithe aonair a athscrúdú agus a ghlacadh, agus leasú a bheith déanta air más

iomchuí, laistigh de thréimhse 2 mhí, ar an dara léamh trí thromlach dhá thrian, lena n- áirítear ionadaithe an Choimisiúin, nó d'aon toil ionadaithe na mBallstát.

2. Tiocfaidh an doiciméad aonair clársceidealaithe chun bheith críochnaitheach tar éis ghlacadh deiridh an bhuiséid ghinearálta agus déanfar coigeartú air dá réir, más gá sin.

3. Beidh sa chlár oibre bliantúil cuspóirí mionsonraithe chomh maith leis na torthaí a bhfuil coinne leo, lena n- áirítear táscairí feidhmíochta. Beidh tuairisc ann freisin ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú agus léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna a bheidh sannta do gach gníomhaíocht, i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe agus an bhainistithe de réir gníomhaíochtaí. Beidh an clár oibre bliantúil ar aon dul leis an gclár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 7. Sonrófar go soiléir ann na cúraimí a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe. Beidh ar áireamh sa chlársceidealú bliantúil nó ilbhliantúil, nó sa dá cheann, an straitéis le haghaidh caidreamh le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 11 agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an straitéis sin.

4. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an clár oibre bliantúil atá glactha a leasú nuair a thabharfar cúram nua don Údarás. Beidh cuimsiú an chúraim nua sin faoi réir anailíse ar na hacmhainní daonna agus buiséadacha agus féadfaidh sé bheith faoi réir cinnidh lena bhfionrófar cúraimí eile.

5.Déanfaidh an Bord Bainistíochta scrúdú ar iarrataí ón gCoimisiún nó ó na Ballstáit ar chúnamh teicniúil agus formheasfaidh sé iad, faoi chuimsiú ullmhú an doiciméid chlársceidealaithe aonair, dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c), Airteagal 3(2), pointe (b), Airteagal 5(5) go (8), Airteagal 8(6) agus (7), Airteagal 9(3), Airteagal 10(4) agus Airteagal 11(2) agus (4). Maidir le formheas na n- iarrataí sin:

(a) ní chuirfidh siad isteach ar chúraimí eile na Gníomhaireachta;

(b) seachnófar dúbláil iarrachtaí leo;

(c) beidh siad faoi réir anailíse ar na himpleachtaí a bhaineann leis na hacmhainní daonna agus buiséadacha; agus

(d) féadfaidh siad a bheith faoi réir cinnidh lena bhfionrófar cúraimí eile.

6. Is leis an nós imeachta céanna a úsáideadh don chlár oibre bliantúil tosaigh a ghlacfar aon leasú substaintiúil ar an gclár oibre bliantúil. Féadfaidh an Bord Bainistíochta an chumhacht chun leasuithe neamhshubstaintiúla a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

7. Leagfar amach sa chlár oibre ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán lena n- áirítear na cuspóirí, na torthaí a bhfuil coinne leo agus na táscairí feidhmíochta. Leagfar amach ann freisin clársceidealú acmhainní, lena n- áirítear an buiséad ilbhliantúil agus an fhoireann.

8. Déanfar an clársceidealú acmhainní a thabhairt cothrom le dáta gach bliain. Déanfar nuashonrú ar an gclársceidealú straitéiseach i gcás inarb iomchuí, agus go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar thoradh na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 41.

*Airteagal 18*

**Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta**

1. Toghfaidh an Bord Bainistíochta Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach as measc a chomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu. Toghfar an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach le tromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta a bhfuil cearta vótála acu.

2. Glacfaidh an Leaschathaoirleach ionad an Chathaoirligh go huathoibríoch más rud é go gcuirtear cosc ar an gCathaoirleach a chuid dualgas a chomhlíonadh.

3. Mairfidh tréimhse oifige an Chathaoirligh agus an Leaschathaoirligh 4 bliana. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan aon uair amháin. Más rud é, áfach, go dtiocfaidh deireadh lena gcomhaltacht sa Bhord Bainistíochta tráth ar bith le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.

*Airteagal 19*

**Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta**

1. Déanfar cruinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcomhréir lena rialacha nós imeachta agus déanfaidh an cathaoirleach iad a ghairm.

2. Glacfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta páirt sna pléití, seachas i gcás inar coinbhleacht leasa é toradh a rannpháirtíochta, de réir mar a chinnfidh an Cathaoirleach, nó i gcás ina mbeidh cinneadh le déanamh ag an mBord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 35.

3.Beidh gnáthchruinniú ag an mBord Bainistíochta dhá uair sa bhliain. Ina theannta sin, tiocfaidh an Bord le chéile ar thionscnamh a chathaoirligh nó arna iarraidh sin don Choimisiún nó d’aon trian de na Ballstáit.

4. Nuair a bheidh ceist rúndachta nó coinbhleachta leasa ann, féadfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh a dhéanamh na míreanna sonracha ar a chlár oibre a scrúdú gan na comhaltaí lena mbaineann a bheith i láthair. Ní dhéanfaidh sé sin difear don cheart a bheidh ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún go ndéanfadh malartach nó aon duine eile ionadaíocht orthu. Leagfar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm na forála seo i rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta.

5. Féadfaidh an Bord Bainistíochta a iarraidh ar aon duine ar díol spéise a thuairim freastal ar a chruinnithe i gcáil breathnóra.

6. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, faoi réir fhorálacha a rialacha nós imeachta, cúnamh a fháil ó chomhairleoirí nó ó shaineolaithe.

7. Cuirfidh an Ghníomhaireacht rúnaíocht ar fáil don Bhord Bainistíochta.

*Airteagal 20*

**Rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta**

1. Glacfaidh an Bord Bainistíochta a chuid cinntí trí thromlach glan na gcomhaltaí dá chuid a bhfuil cearta vótála acu, seachas i gcás ina bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

2. Ní fhéadfar na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) pointí (c) go (e) agus pointí (i), (j), (n), (o), (p), (q), (t), (u) agus in Airteagal 16(2) a dhéanamh ach má chaitheann ionadaithe an Choimisiúin vóta dearfach. Chun críocha na cinntí a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 16(1), pointe (b), ní bheidh vóta dearfach ionadaí an Choimisiúin de dhíth ach amháin i leith na ngnéithe den chinneadh nach mbaineann le clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil na Gníomhaireachta.

3. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta. Ní chaithfidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta vóta.

4. Má bhíonn comhalta as láthair, beidh a c(h)omhalta malartach i dteideal ceart vótála an chomhalta a fheidhmiú.

5. Bunófar leis na rialacha nós imeachta socruithe vótála níos mionsonraithe, lena n- áirítear na coinníollacha faoinar féidir le comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile.

*Airteagal 21*

**An Bord Feidhmiúcháin**

1. Tabharfaidh Bord Feidhmiúcháin cúnamh don Bhord Bainistíochta.

2 .Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an méid seo a leanas:

(a) maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme chinntí an Bhoird Bainistíochta maidir le bainistíocht riaracháin agus bhuiséadach;

(b) na cinntí atá le glacadh ag an mBord Bainistíochta a ullmhú;

(c) a áirithiú, i gcomhar leis an mBord Bainistíochta, go ndéantar obair leantach leordhóthanach ar na torthaí agus ar mholtaí na dtuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, agus imscrúduithe OLAF agus OIPE;

3. Nuair is gá, ar chúiseanna práinne, féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí sealadacha áirithe a ghlacadh thar ceann an Bhoird Bainistíochta, go háirithe maidir le cúrsaí bainistíochta riaracháin, lena n- áirítear tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin agus cúrsaí buiséadacha a chur ar fionraí.

4. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta de Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, ionadaí amháin ón gCoimisiún ar an mBord Bainistíochta agus trí chomhalta eile arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta as measc a chomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh ceart vótála aige.

5. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus féidearthacht ann le haghaidh téarma athnuaite. Tiocfaidh deireadh le tréimhse oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin nuair a thiocfaidh deireadh lena gcomhaltacht ar an mBord Bainistíochta.

6. Reáchtálfaidh an Bord Feidhmiúcháin gnáthchruinniú amháin ar a laghad gach 3 mhí. Ina theannta sin, reáchtálfaidh sé cruinnithe ar thionscnamh an Chathaoirligh nó arna n- iarraidh sin dá chuid comhaltaí.

7. Leagfaidh an Bord Bainistíochta síos rialacha nós imeachta an Bhoird Feidhmiúcháin.

*CAIBIDIL V*

**AN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN**

*Airteagal 22*

**Ceapachán, síneadh le téarma oifige agus cur as oifig**

1. Ceapfaidh an bord rialála an stiúrthóir feidhmiúcháin ar bhonn tuillteanais agus scileanna, ó liosta iarrthóirí arna moladh ag an gCoimisiún, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach a urramóidh prionsabal na cothromaíochta inscne.

2. Ar mhaithe le conradh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a thabhairt i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ionadaíocht ar an nGníomhaireacht.

3. 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. In am trátha roimh dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú a chuirfidh san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus ar dhúshláin na Gníomhaireachta amach anseo.

4. An Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún agus an measúnú dá dtagraítear i mír 3 á chur san áireamh aige, féadfaidh sé síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin uair amháin, go ceann tréimhse nach faide ná 5 bliana.

5. Ní fhéadfaidh stiúrthóir feidhmiúcháin a bhfuil síneadh curtha lena théarma oifige a bheith rannpháirteach in aon nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna.

6. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún.

7. Ceapfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar ghníomhaire sealadach de chuid na gníomhaireachta faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

*Airteagal 23*

**Cúraimí agus freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin**

1. Bainisteoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Ghníomhaireacht i gcomhréir le cinntí an Bhoird Bainistíochta agus beidh sé cuntasach don Bhord Bainistíochta.

2. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin, an Bhoird Bainistíochta, agus an Bhoird Feidhmiúcháin, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamhspleách i bhfeidhmiú na ndualgas agus ní iarrfaidh sé ná ní thógfaidh sé treoracha ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile.

3. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin do Pharlaimint na hEorpa maidir le feidhmiú a d(h)ualgas nuair a iarrtar sin air/uirthi. Féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc a thabhairt ar fheidhmiú a d(h)ualgas.

4. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar ionadaí dlíthiúil na Gníomhaireachta.

5. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as cur chun feidhme na gcúraimí arna sannadh don Ghníomhaireacht leis an Rialachán seo. Go háirithe, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na nithe seo a leanas:

(a) riarachán laethúil inbhuanaithe agus éifeachtúil na Gníomhaireachta a áirithiú;

(b) oibríochtaí agus foireann na Gníomhaireachta a eagrú, a stiúradh agus a mhaoirsiú laistigh de theorainneacha na gcinntí ón mBord Bainistíochta;

(c) cinntí arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme;

(d) dréachtrialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ullmhú lena nglacadh ag an mBord Bainistíochta;

(e) meastacháin a tharraingt suas ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 27 agus an buiséad a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 28.

(f) an dréacht- doiciméad clársceidealaithe aonair a ullmhú agus é a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún 4 seachtaine ar a laghad roimh an gcruinniú ábhartha de chuid an Bhoird Bainistíochta;

(g) an doiciméad clársceidealaithe aonair a chur chun feidhme, measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomparáid leis na táscairí ábhartha agus tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir lena chur chun feidhme;

(h) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena measúnú agus lena glacadh;

(i) freagra a thabhairt ar aon iarraidh ar chúnamh i gcomhréir le hAirteagal 17(5);

(j) cinneadh a dhéanamh na cuairteanna agus na cigireachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 10 a dhéanamh, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus de réir na modheolaíochta le haghaidh cuairteanna a bhunaigh an Bord Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 16(1), pointe (g);

(k) cinneadh a dhéanamh socruithe riaracháin a dhéanamh le comhlachtaí eile de chuid an Aontais a oibríonn i réimsí gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, ar choinníoll gur cuireadh an dréacht- socrú faoi bhráid an Choimisiúin agus an Bhoird Bainistíochta ar dtús le haghaidh comhairliúcháin i gcomhréir le hAirteagal 11(5) agus ar choinníoll nach bhfuil agóid déanta ag an mBord Bainistíochta laistigh de 4 seachtaine;

(l) gach beart is gá a dhéanamh, lena n- áirítear treoracha inmheánacha riaracháin a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú, chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(m) córas faireacháin éifeachtach a eagrú ionas go mbeidh sé nó sí in ann na spriocanna atá bainte amach ag an nGníomhaireacht a chur i gcomparáid lena cuspóirí agus lena cúraimí mar a leagtar síos sa Rialachán seo. Chun na críche sin, déanfaidh sé nó sí, i gcomhaontú leis an gCoimisiún agus leis an mBord Bainistíochta, táscairí feidhmíochta sainoiriúnaithe a bhunú lena bhféadfar measúnú éifeachtach a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach. Áiritheoidh sé nó sí go ndéanfar struchtúr eagrúcháin na Gníomhaireachta a oiriúnú go tráthrialta do na hathruithe a thiocfaidh ar na riachtanais agus é sin laistigh de na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil. Ina leith sin, bunóidh sé nó sí nósanna imeachta meastóireachta tráthrialta a chomhlíonfaidh caighdeáin ghairmiúla aitheanta;

(n) feidhmiú córais rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh agus éifeachtúil a bhunú agus a áirithiú agus aon athrú suntasach air a thuairisciú leis an mBord Rialála;

(o) cur i gcrích na measúnuithe riosca agus na bainistíochta riosca ar son an chomhghnóthais a áirithiú;

(p) plean gníomhaíochta leantach a ullmhú i ndáil le conclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta agus na meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha, mar aon le conclúidí imscrúduithe de chuid OLAF agus OIPE, dá dtagraítear in Airteagal 38, agus tuairisc a chur chuig an gCoimisiún dhá uair sa bhliain, agus chuig an mBord Bainistíochta agus an Bord Feidhmiúcháin ar bhonn tráthrialta, maidir leis an dul chun cinn at déanta;

(q) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile, gan dochar don

inniúlacht imscrúdaitheach atá ag OLAF agus ag OIPE trí bhíthin seiceálacha éifeachtacha agus, más rud é go mbraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a bheidh éifeachtach, comhréireach, agus athchomhairleach a fhorchur, lena n- áirítear pionóis airgeadais;

(r) straitéis frithchalaoise a ullmhú, in éineacht le straitéis um ghnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí, straitéis le haghaidh comhair le tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, nó an dá cheann díobh, agus straitéis le haghaidh na gcóras bainistíochta eagraíochtúla agus rialaithe inmheánaigh le haghaidh na Gníomhaireachta agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena bhformheas;

(s) éagsúlacht a chur chun cinn agus cothromaíocht inscne a áirithiú a mhéid a bhaineann le foireann na Gníomhaireachta a earcú;

(t) comhaltaí foirne a earcú ar an mbonn geografach is leithne is féidir;

(u) beartas cumarsáide a dhearadh agus a chur chun feidhme le haghaidh na Gníomhaireachta;

(v) aon chúram eile atá ar iontaoibh nó atá tarmligthe dó nó di ag an mbord rialála nó is gá faoin Rialachán seo a dhéanamh;

*Airteagal 24*

**Rannpháirtíocht tríú tíortha**

1. Beidh an Ghníomhaireacht oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha, a bhfuil comhaontuithe tugtha i gcrích acu leis an Aontas, ina bhfuil dlí an Aontais glactha agus á gcur i bhfeidhm acu i réimse na sábháilteachta muirí, na slándála muirí, an choisc ar thruailliú agus na freagartha do thruailliú ó longa.

2. Faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe sin, socruithe lena sonraítear cineál agus méid na rialacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin in obair na Gníomhaireachta, lena n- áirítear forálacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus le foireann, tabharfaidh an Ghníomhaireacht i gcrích iad tar éis tuairim a fháil ón gCoimisiún.

*CAIBIDIL VI*

**FORÁLACHA AIRGEADAIS**

*Airteagal 25*

**Rialacha airgeadais**

Déanfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ghlacadh tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní imeoidh na rialacha airgeadais ó Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún mura rud é go mbeidh gá leis an imeacht sin go sonrach le haghaidh fheidhmiú na Gníomhaireachta agus mura rud é gur thug an Coimisiún toiliú don imeacht sin roimh ré.

*Airteagal 26*

**Buiséad**

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas uile na Gníomhaireachta gach bliain airgeadais, de réir na bliana féilire, agus léireofar i mbuiséad na Gníomhaireachta iad.

2. Beidh buiséad na Gníomhaireachta comhardaithe i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais.

3. Gan dochar d'acmhainní eile, cuimseofar in ioncam na Gníomhaireachta na nithe seo a leanas:

(a) ranníocaíocht ón Aontas a chuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus deontais ó chomhlachtaí de chuid an Aontais;

(b) ranníocaíochtaí féideartha ó aon tríú tír atá rannpháirteach in obair na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 24;

(c) aon táille agus muirear ar bhonneagar, foilseacháin, oiliúint nó aon seirbhís eile a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 33;

(d) aon ranníocaíocht dheonach airgeadais ó Bhallstáit, ó thríú tíortha nó ó eintitis eile, ar choinníoll go mbeidh an ranníocaíocht sin trédhearcach, go mbeidh sé sainaitheanta go soiléir sa bhuiséad agus nach gcuirfear isteach léi ar neamhspleáchas ná ar neamhchlaontacht na Gníomhaireachta.

4. Cuirfear luach saothair foirne, speansais riaracháin agus bhonneagair, agus caiteachas oibríochtúil san áireamh i gcaiteachas na Gníomhaireachta.

*Airteagal 27*

**An buiséad a Bhunú**

1. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréacht- ráiteas sealadach a tharraingt suas ar mheastacháin ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta le haghaidh na bliana airgeadais dár gcionn, lena n- áirítear an plean bunaíochta, agus seolfaidh sé chuig an mBord Bainistíochta é.

2. Ar bhonn an dréachta shealadaigh sin, glacfaidh an Bord Bainistíochta dréacht- mheastachán sealadach ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais dár gcionn.

3. Seolfar an dréacht- mheastachán sealadach ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain. Seolfaidh an Bord Bainistíochta an dréacht- mheastachán críochnaitheach chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta den bhliain sin.

4. Cuirfidh an Coimisiún an ráiteas ar mheastacháin mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh chuig an údarás buiséadach.

5. Ar bhonn an ráitis ar mheastacháin, iontrálfaidh an Coimisiún na réamhaisnéisí is gá dar leis i ndréacht- bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an bplean bunaíochta agus i dtaca leis an méid den fhóirdheontas a bheidh le muirearú ar an mbuiséad ginearálta a leagfaidh sé os comhair an údaráis bhuiséadaigh i gcomhréir le hAirteagal 313 agus Airteagal 314 de CFAE.

6. Is é an t- údarás buiséadach a údaróidh na leithreasuithe i gcomhair na ranníocaíochta a thabharfar don Ghníomhaireacht.

7. Glacfaidh an t- údarás buiséadach plean bunaíochta na Gníomhaireachta.

8. Glacfaidh an Bord Bainistíochta buiséad na Gníomhaireachta. Beidh sé críochnaitheach ach dréacht- bhuiséad an Aontais Eorpaigh a bheith glactha go críochnaitheach. I gcás inar gá, coigeartófar é dá réir.

9. I gcás aon tionscadail ar dócha go mbeidh impleachtaí móra aige ar bhuiséad na Gníomhaireachta, beidh feidhm ag forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 715/2019 maidir leis.

*Airteagal 28*

**An buiséad a chur chun feidhme**

1. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme.

2. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin gach faisnéis ábhartha a bhaineann le torthaí na nósanna imeachta meastóireachta a chur chuig an údarás buiséadach gach bliain.

*Airteagal 29*

**Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh**

1. Faoin 1 Márta den bhliain airgeadais dár gcionn, seolfaidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta na cuntais shealadacha chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí

2. Faoin 31 Márta den bliain airgeadais dár gcionn, seolfaidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil ar an mbainistiú buiséadach agus airgeadais chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

3. Faoin 31 Márta den bliain airgeadais dár gcionn, seolfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na Gníomhaireachta, arna gcomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin, chuig an gCúirt Iniúchóirí.

4. Nuair a gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin barúlacha na Cúirte Iniúchóirí maidir le cuntais shealadacha na Gníomhaireachta, déanfaidh sé, de bhun Airteagal 246 den Rialachán Airgeadais, cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta a tharraingt suas ar a chúram nó ar a cúram féin agus cuirfidh sé nó sí faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad chun tuairim a fháil.

5. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tuairim uaidh maidir le cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta.

6. Faoin 1 Iúil tar éis gach bliana airgeadais, déanfaidh an t- oifigeach cuntasaíochta na cuntais chríochnaitheacha, in éineacht leis an tuairim ón mBoird Bainistíochta, a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

7. Foilseofar na cuntais chríochnaitheacha in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh faoin 15 Samhain an bhliain dár gcionn.

8. Seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 30 Meán Fómhair. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an freagra sin chuig an mBord Bainistíochta freisin.

9. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, arna hiarraidh sin di, aon fhaisnéis is gá chun an nós imeachta um urscaoileadh a chur i bhfeidhm go rianúil don bhliain airgeadais lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 261(3) den Rialachán Airgeadais.

10. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N + 2 i dtaca le cur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N.

*CAIBIDIL VII*

**FOIREANN**

*Airteagal 30*

**Foráil ghinearálta**

Na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne sin agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, beidh feidhm acu maidir le foireann na Gníomhaireachta.

*Airteagal 31*

**Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile**

1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus as baill foirne eile nach bhfuil fostaithe ag an nGníomhaireacht.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh lena leagfar síos rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Ghníomhaireacht.

*CAIBIDIL VIII*

**FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 32*

**Stádas dlítheanach agus suíomh**

1. Beidh an Ghníomhaireacht ina comhlacht de chuid an Aontais agus beidh pearsantacht dhlítheanach aici.

2. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an nGníomhaireacht an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoi dhlíthe an Bhallstáit sin. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil agus a dhiúscairt agus féadfaidh sé a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlí.

3. Déanfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta ionadaíocht uirthi.

4. Is i Liospóin, Poblacht na Portaingéile, a bheidh suíomh na Gníomhaireachta.

5. Arna iarraidh sin don Choimisiún, féadfaidh an Bord Bainistíochta a chinneadh, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, agus i gcomhar leo, agus an aire iomchuí á tabhairt ar impleachtaí buiséadacha, lena n- áirítear an méid a chuirfidh na Ballstáit lena mbaineann ar fáil, na lárionaid réigiúnacha is gá a bhunú d'fhonn cuid de chúraimí na Gníomhaireachta a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir. Agus cinneadh mar sin á dhéanamh, saineoidh an Bord Bainistíochta raon feidhme beacht gníomhaíochtaí an lárionaid réigiúnaigh agus seachnófar aon chostas airgeadais neamhriachtanach agus cuirfear leis an gcomhar leis na líonraí réigiúnacha agus náisiúnta arbh ann dóibh cheana.

*Airteagal 33*

**Gníomhartha cur chun feidhme maidir le táillí agus le muirir**

1. I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 4, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar na nithe seo a leanas:

(a) na táillí agus na muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht, go háirithe maidir le hAirteagal 26 (3), pointe (c) a chur i bhfeidhm; agus

(b) na coinníollacha íocaíochta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34 (2).

2. Toibheofar táillí agus muirir ar sheirbhísí féideartha a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht, go háirithe do thríú tíortha agus don tionscal le haghaidh cúraimí a thagann faoina hinniúlachtaí.

3. Sloinnfear gach táille agus muirear in euro, agus beidh siad iníoctha in euro. Socrófar na táillí agus na muirir ar bhealach trédhearcach, cothrom agus aonfhoirmeach. Déanfar na riachtanais shonracha a bhíonn ag fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n- áirítear an fhéidearthacht íocaíochtaí a dheighilt ina dtráthchodanna agus céim ar chéim, a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí. Sainaithneofar cionroinnt na dtáillí go soiléir sna cuntais. Socrófar sprioc- amanna réasúnta chun táillí agus muirir a íoc.

4. Socrófar méid na dtáillí agus na muirear ar an leibhéal sin lena n- áiritheofar gur leor an t- ioncam ina leith chun costas iomlán na seirbhísí arna soláthar a chumhdach. Léireofar sa chostas sin go háirithe, caiteachas uile na Gníomhaireachta a chuirfear i leith na comhaltaí foirne a bheidh rannpháirteach sna gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, lena n- áireofar ranníocaíochtaí *pro rata* an fhostóra leis an scéim pinsean. Más rud é go dtiocfaidh neamh- chomhardú suntasach as soláthar na seirbhísí arna gclúdach le táillí agus le muirir arís agus arís eile, déanfar athbhreithniú ar leibhéal na dtáillí agus na muirear sin. Sannfar na táillí agus na muirir sin don Ghníomhaireacht mar ioncam.

*Airteagal 34*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cúnamh don Choimisiún[45]. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 35*

**Pribhléidí agus díolúintí**

Beidh feidhm ag an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir leis an nGníomhaireacht agus lena baill foirne.

*Airteagal 36*

**Socruithe teanga**

1. Beidh feidhm ag na forálacha atá leagtha síos i Rialachán Uimh. 1[46] ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht.

2. Soláthróidh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin a theastóidh chun go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht.

*Airteagal 37*

**Trédhearcacht**

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] maidir le doiciméid i seilbh na Gníomhaireachta.

2. Laistigh de 6 mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur i bhfeidhm.

3. Féadfaidh cinntí a dhéanfaidh an Oifig Tacaíochta de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n- ábhar gearáin chuig an Ombudsman nó ina n- ábhar caingne os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 228 agus 263 den CFAE faoi seach.

4. Beidh próiseáil sonraí pearsanta ag an nGníomhaireacht faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48].

---

45 Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus le truailliú ó longa a chosc (IO L 324, 29.11.2002, lch. 1).

46 IO 17, 6.10.1958, lch. 385/58. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1791/2006 an 20 Samhain 2006 lena n- oiriúnaítear Rialacháin agus Cinntí áirithe mar gheall ar aontachas na Bulgáire agus na Rómáine.

47 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

*Airteagal 38*

**Calaois a chomhrac**

1. Chun éascaíocht a dhéanamh ar chalaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, glacfaidh an Ghníomhaireacht forálacha iomchuí is infheidhme maidir le fostaithe uile na Gníomhaireachta.

2. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, i gcás gach faighteora deontais, gach conraitheora agus gach fochonraitheora a fuair cistí Aontais ón nGníomhaireacht.

3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n- áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le deontas nó conradh arna chistiú ag an nGníomhaireacht, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

4. Gan dochar do mhíreanna 1, 2 agus 3, cuimseofar i gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, comhaontuithe deontais agus cinntí deontais na Gníomhaireachta, forálacha lena dtugtar cumhacht go sainráite do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus do OLAF agus OIPE chun na hiniúchtaí agus na himscrúduithe sin a dhéanamh, de réir a gcuid inniúlachtaí féin.

*Airteagal 39*

**Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis neamh- rúnaicmithe íogair a chosaint**

Glacfaidh an Ghníomhaireacht a rialacha slándála féin a bheidh coibhéiseach le rialacha slándála an Choimisiúin chun Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh- rúnaicmithe a chosaint, mar a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/443[49] agus i gCinneadh 2015/444[50] ón gCoimisiún. Áireofar ar rialacha slándála na Gníomhaireachta forálacha chun faisnéis den sórt sin a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil.

*Airteagal 40*

**Dliteanas**

---

48 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

49 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

50 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

1. Beidh dliteanas conarthach na Gníomhaireachta faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i gceist.

2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána atá i gconradh arna thabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht.

3. I gcás dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh an Ghníomhaireacht, de réir na bprionsabal ginearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a raibh a ranna nó a seirbhísigh ina siocair leis i gcomhlíonadh a gcuid dualgas.

4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh i leith damáistí dá dtagraítear i mír 3.

5. Beidh dliteanas pearsanta a foirne i leith na Gníomhaireachta á rialú ag na forálacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta is infheidhme maidir leo.

*Airteagal 41*

**Meastóireacht agus athbhreithniú**

1. Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis [an dáta theacht i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chun measúnú a dhéanamh go háirithe ar thionchar, ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na Gníomhaireachta agus a cleachtas oibre. Tabharfar aghaidh go háirithe, sa mheastóireacht ar an ngá féideartha a bheidh ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú, agus impleachtaí airgeadais aon mhodhnú den sórt sin.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta mar aon lena conclúidí ar an tuarascáil ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Bord Bainistíochta. Poibleofar torthaí na meastóireachta.

3. Nuair a dhéanfar gach dara meastóireacht, déanfar measúnú freisin ar na torthaí a bhain an Ghníomhaireacht amach ag féachaint dá cuspóirí, dá sainordú agus dá cúraimí. I gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil údar a thuilleadh ag an nGníomhaireacht leanúint leis na cuspóirí, an sainordú agus na cúraimí atá sannta di, féadfaidh sé a mholadh an Rialachán sin a leasú dá réir nó a aisghairm.

*Airteagal 42*

**Fiosrúcháin riaracháin de chuid an Ombudsmain Eorpaigh**

Beidh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta faoi réir fhiosruithe an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 de CFAE.

*Airteagal 43*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. De mhaolú ar Airteagal 15 den Rialachán seo, fanfaidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin arna gceapadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 roimh [an dáta theacht i bhfeidhm] in oifig mar

chomhaltaí den Bhord Bainistíochta go dtí dáta éaga a dtéarma oifige, gan dochar do cheart gach Ballstáit ionadaí nua a cheapadh.

2. Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta a ceapadh ar bhonn Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, fanfaidh sannta don phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus na cúraimí agus freagrachtaí aige nó aice dá bhforáiltear in Airteagal 23 den Rialachán seo. Má dhéantar cinneadh lena leathnaítear sainordú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1406/2002 roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, is é 5 bliana ré an tsainordaithe leathnaithe sin a bheidh ann. Ní thiocfaidh aon athrú ar choinníollacha eile a conartha.

4. Tá teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo gan dochar do gach aon chonradh fostaíochta atá i bhfeidhm an [an dáta theacht i bhfeidhm].

.

*Airteagal 44*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.

*Airteagal 45*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH ‘GNÍOMHAIREACHTAÍ’

## 1.LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Soghluaisteacht agus Iompar – Sábháilteacht Mhuirí

### 1.3. Baineann an togra le

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[51]

☑ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é an cuspóir ginearálta Rialachán nua a mholadh lena mbunófar An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA). Is iad na cuspóirí a bheidh ag EMSA leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach de shábháilteacht mhuirí a chur chun cinn agus a bhunú lena ndíreofar ar thimpistí nialasacha, slándáil mhuirí, astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú agus inbhuanaitheacht na hearnála muirí, chomh maith le truailliú ó longa a chosc agus freagairt dó, agus an fhreagairt do thruailliú muirí ó shuiteálacha ola agus gáis.

Cuspóirí breise de chuid na Gníomhaireachta is ea digitiú na hearnála muirí a chur chun cinn trí tharchur leictreonach sonraí a éascú, ar sonraí iad a thacaíonn le simpliú agus córais agus seirbhísí comhtháite um fhaireachas agus feasacht mhuirí a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an athbhreithnithe:

na cúraimí agus na cuspóirí atá ag EMSA faoi láthair a dhaingniú agus a léiriú ar bhealach níos fearr ina Rialachán bunaidh chun go mbeidh sainordú dlíthiúil ar EMSA iad sin a chomhlíonadh, agus tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún leis an gcúnamh teicniúil, oibríochtúil agus eolaíoch is gá chun sábháilteacht agus slándáil mhuirí, in éineacht le haistriú glas agus digiteach na hearnála a áirithiú agus an tráth céanna, féachaint chuige go seasfaidh Rialachán bunaidh EMSA an aimsir trí go leor solúbthachta a cheadú chun cúraimí nua a chomhtháthú maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais na hearnála muirí atá ag éabhlóidiú

[51] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

agus ag áirithiú go mbeidh acmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha ag EMSA chun a ról a chomhlíonadh.

Áirítear leis an athbhreithniú atá ann faoi láthair (agus leis an ráiteas airgeadais reachtach) an impleacht bhuiséadach den Rialachán nua lena mbunaítear EMSA agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, agus chomh maith leis sin an impleacht bhuiséadach a bheidh ag (i) athbhreithniú ar Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglais stát brataí; (ii) athbhreithniú ar Threoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt; (iii) athbhreithniú ar Threoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú ar thimpistí, agus (iv) athbhreithniú ar Threoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar impleacht bhuiséadach na gceithre thogra deiridh sin i ngach ceann de na ráitis airgeadais reachtacha faoi seach.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Tá coinne leis go léireofar sa Rialachán an ról níos mó atá ag EMSA san earnáil muirí agus é ag éabhlóidiú go suntasach ó 2013 i leith. Tá coinne leis go n- áiritheofar solúbthacht ag EMSA chun a raon feidhme gníomhaíochta a athrú, gan a misean lárnach a athrú.

Tá coinne leis go n- áiritheofar sa Rialachán gur féidir le EMSA tacú le hearnáil muirí an Aontais ar an mbealach is éifeachtaí agus iad ag láimhseáil an aistrithe dhúbailte atá os a chomhair maidir le topaicí na hinbhuanaitheachta agus an digitithe agus ag féachaint chuige go seasfaidh an sainordú an aimsir chun dul i ngleic le dúshláin na todhchaí.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Cinnfear éifeachtacht an Rialachán atá beartaithe, i ndáil leis an gcuspóir sonrach uimh. 1 bunaithe ar na haischuir bhliantúla agus ilbhliantúla agus comhlíonadh na Gníomhaireachta i ndáil le gach aon chúram dá cuid mar a léirítear sa tuarascáil bhliantúil SPD agus CAAR.

Cinnfear éifeachtacht an Rialachán atá beartaithe, i ndáil leis an gcuspóir sonrach uimh. 2 bunaithe ar líon na n- iarrataí agus na gcúramaí nua a leithdháilfear go EMSA sna blianta amach anseo.

Cinnfear éifeachtacht an Rialachán atá beartaithe, i ndáil leis an gcuspóir sonrach uimh. 3 bunaithe ar tháirgí insoláthartha de réir thuarascáil bhliantúil SPD agus CAAR

Déanfar faireachán ar éifeachtacht fhoriomlán an Rialacháin atá beartaithe tríd an meastóireacht mholta a dhéanamh ar an nGníomhaíocht gach 5 bliana, agus eiseoidh an Coimisiún tuairim ar dhoiciméad clársceidealaithe aonair na Gníomhaireachta, lena n- áirítear an clár oibre aonair ilbhliantúil agus na hacmhainní leithdháilte le haghaidh gach aon chúraim ar leith de chuid na Gníomhaireachta.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

1) I ndáil leis an athbhreithniú ar Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglais stát brataí:

Ceanglófar ar EMSA réitigh theicniúla a chur chun feidhme le haghaidh deimhnithe leictreonacha a chlárú, deimhnithe leictreonacha agus tuarascálacha cigireachta leictreonacha Stát brataí a thuairisciú, chomh maith le huirlisí le haghaidh bailíochtú, agus modúil nua a fhorbairt. Ceanglófar ar EMSA freisin sásra agus teimpléad a fhorbairt chun faisnéis agus staidreamh a thuairisciú agus fothú acmhainneachta coiteann agus oiliúint chomhchuibhithe (iar- cháilíochta) a thabhairt isteach le haghaidh cigirí agus/nó suirbhéirí agus/nó reachtairí Stát brataí, trí churaclam coiteann le haghaidh cigirí Stát brataí a fhorbairt agus chun cigirí Stát brataí a chur ar an oiliúint maidir le teicneolaíochtaí úra, lena n- áirítear ach gan a bheith teoranta do bhreoslaí in- athnuaite agus breoslaí ar bheagán carbóin, atá ábhartha go háirithe d'fhonn an phacáiste 'Oiriúnach do 55', agus uathoibriú.

Roimh 2025, beidh gá le 1 choibhéiseach lánaimseartha amháin bhreise chun an modúl nua le haghaidh na ríomh- dheimhnithe a fhorbairt agus 1 choibhéiseach lánaimseartha amháin eile chun sain- scileanna TF agus eolas muirí sna Seirbhísí Tacaíochta Muirí a sholáthar. Áirítear

impleacht bhuiséadach an athbhreithnithe ar Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglais stát brataí san SFS atá ann faoi láthair. Áireofar san athbhreithniú ar Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglais stát brataí SFS eile ar leithligh ina gcuirfear tuilleadh sonraí ar fáil.

2) i ndáil leis an athbhreithniú ar Threoir 2009/16/CE maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt:

Beidh sé de cheangal ar EMSA oiliúint a eagrú le haghaidh Oifigigh Rialú Stáit ar Chalafoirt (PSCOnna) i ndáil le soithí iascaireachta móra agus an fócas ar leith ar threoirlínte ábhartha an Aontais, agus na cúrsaí ábhartha sin a fhorbairt. Beidh sé de cheangal ar EMSA modúl THETIS a fhorbairt le haghaidh soithí iascaireachta agus curaclam coiteann le haghaidh Rialú Stáit ar Chalafoirt ar shoithí iascaireachta lena gcumhdófar na treoracha agus treoraíocht ábhartha uile.

Beidh sé de cheangal ar EMSA oiliúint na PSCOnna a eagrú i ndáil le húsáid ríomh- dheimhnithe reachtúla agus le huirlis bhailíochtaithe agus taisclann a fhorbairt.

Beidh sé de cheangal ar EMSA uirlisí oiliúna/fothú acmhainneachta feabhsaithe a fhorbairt le haghaidh PCSOnna maidir le teicneolaíochtaí úra, lena n- áirítear agus nach bhfuil teoranta do bhreoslaí in- athnuaite agus breoslaí ar bheagán carbóin, atá ábhartha go háirithe i bhfianaise an phacáiste ’Oiriúnach do 55’, agus uathoibriú trí uirlisí oiliúna ar líne de chuid EMSA a fheabhsú agus saineolaithe a earcú.

Faoin 2025, beidh gá le 2 choibhéiseach lánaimseartha chun tacú le cúraimí EMSA chun na huirlisí a fhorbairt. Áirítear impleacht bhuiséadach an athbhreithnithe ar Threoir 2009/16/CE maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt san SFS atá ann faoi láthair. Áireofar san athbhreithniú ar Threoir 2009/16/CE maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt SFS ar leithligh ina gcuirfear tuilleadh sonraí ar fáil.

3) I ndáil leis an athbhreithniú ar Threoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú ar thionóiscí:

Beidh sé de cheangal ar EMSA oiliúint bhreise a eagrú i ndáil le breoslaí in- athnuaite agus breoslaí ar bheagán carbóin (rioscaí, úsáid ar bord, cumhdaigh longa, etc.), agus é sin ag tacú leis na tionscnaimh atá mar chuid den phacáiste ’oiriúnach do 55’, ach maidir leis an méid seo a leanas freisin: eilimint dhaonna, long uathoibrithe a stiúradh, anailís sábháilteachta (chun Ballstáit a spreagadh le sonraí taismeach a úsáid níos fearr, fóiréinseach (grianghraif, sampláil, etc.), tarluithe (dóiteán, tionóiscí loingseoireachta, damáiste do threalamh, gníomhaíochtaí ceirde, etc.) agus rialacha RGCS.

Soláthróidh EMSA uirlisí agus trealaimh oibríochtúil freisin le linn imscrúdú aonair amhail ROV (tumadóir cian- oibrithe), RPAS (córas aerárthaí cianrialaithe) (dróin aeir), róbait (e.g. chun rochtain a fháil ar limistéir dhamáistithe, spásanna iata, etc.) saoráidí VDR (taifeadán sonraí turais), bogearraí amhail MADAS (Foireann Feidhmchláir Anailíse Sonraí ó Thionóiscí Muirí); acmhainní *ad hoc* (saotharlanna eolaíochta, tástáil umar); seirbhísí *ad hoc* (ionsamhlúchán 3T le haghaidh tine, caillteanas coimeádán, etc.). Tógfaidh an tacaíocht sin ar na seirbhísí atá ann cheana a chuireann EMSA ar fáil i limistéir éagsúla (mar atá thuasluaite dróin aeir, dróin intugtha, oiliúint íomhánna satailíte etc.) agus soláthrófar iad sin ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce. Sa téarma níos faide, agus ag brath ar thaithí chur chun feidhme, chuirfí acmhainní EMSA in oiriúint dá réir sin.

Cuirfidh EMSA tacaíocht anailíseach ard- speisialaithe ar fáil le linn Imscrúduithe aonair VSMC (Taismigh Mhuirí An- Trom) ó ‘ghnáth- shaineolaithe’ agus saineolaithe ‘ard- leibhéil’ ó EMSA, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé san áireamh leo siúd ach gan a bheith teoranta d’anailísí iompraíochta, síceolaithe agus speisialaithe eile.

Faoin 2025, beidh gá le 2 choibhéiseach lánaimseartha chun tacaíocht oibríochtúil agus anailíseach a sholáthar do chúraimí nua EMSA. Áirítear impleacht bhuiséadach an athbhreithnithe ar Threoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú tionóiscí san SFS atá ann faoi láthair. Áireofar san athbhreithniú ar Threoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú tionóiscí SFS ar leithligh ina gcuirfear tuilleadh sonraí ar fáil.

4) I ndáil leis an athbhreithniú ar Threoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa:

Beidh sé de cheangal ar EMSA seirbhísí faireacháin satailíte breise a bhunú d'údaráis Bhallstát mar gheall ar shíneadh raon feidhme na Treorach agus na seirbhíse CleanSeaNet a thabhairt cothrom le dáta chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar thruailleáin agus iad a bhraith. Beidh sé de cheangal ar EMSA oiliúint a fhorbairt agus treoirdhoiciméid a fhorbairt, agus iad a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Forbróidh sé freisin cainéal tuairiscithe seachtrach le haghaidh sceithirí, chun faisnéis a chur isteach maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha agus Seirbhísí Comhtháite Muirí a fheabhsú. Beidh sé de cheangal ar EMSA freisin uirlis thuairiscithe nua a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun go dtuairisceoidh Ballstáit ar gach aon teagmhas de thruailliú ó longa, chomh maith le suíomh gréasáin a fhorbairt chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi thruailliú ó longa.

San iomlán, beidh gá le 9 gcoibhéiseach lánaimseartha chun tacú le foráil na seirbhísí faireacháin satailíte breise agus 3 choibhéiseach lánaimseartha eile chun tacú le forbairt na Seirbhísí Comhtháite Muirí. Uathu sin, fostófar ceann amháin acu le linn an chéad CAI eile. Áirítear impleacht bhuiséadach an athbhreithnithe ar Threoir 2005/35/CE maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt sa SFS atá ann faoi láthair. Áireofar san athbhreithniú ar Threoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa SFS ar leithligh ina gcuirfear tuilleadh sonraí ar fáil.

Léirítear na hacmhainní a bhfuil gá leo faoi 1) agus 4) sna Ráitis Airgeadais Reachtacha aonair a ghabhann leis na tograí reachtacha faoi seach.

5) A mhéid a bhaineann leis an Rialachán nua lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002:

Beidh gá leis go gcomhlíonann EMSA na cúraimí sínithe breise seo thíos:

Beidh gá le 2 choibhéiseach lánaimseartha do EMSA in 2025 agus 2 choibhéiseach lánaimseartha bhreise ó 2026 ar aghaidh chun cúnamh a thabhairt do Bhallstáit agus don Choimisiún maidir leis an bplé ar leibhéal IMO i dtaca le breoslaí malartacha agus a gcur in úsáid, lena n- áirítear rioscaí sábháilteachta a thagann ó na forbairtí sin. Beidh gá leis go láidreoidh an Ghníomhaireacht taighde agus go méadóidh sí líon na staidéar bliantúil. Beidh gá le coibhéiseach lánaimseartha breise amháin faoin gcéad CAI eile.

Beidh gá le coibhéiseach lánaimseartha amháin ó 2026 ar aghaidh chun obair ar chibearshlándáil san earnáil iompair mhuirí a láidriú, go háirithe chun treoirlínte a léiriú agus malartú saineolais idir Ballstáit a éascú.

Beidh gá leis go neartóidh an Lárionad um Fheasacht Mhuirí 24/7 a n- oibríochtaí agus go leathnóidh sé a ghníomhaíocht atá ann faoi láthair chun freagra a thabhairt ar riachtanais nua sna réimsí comhshaoil agus sábháilteachta, sa chomhthéacs geopholaitiúil freisin, ag tabhairt cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún nuair a iarrtar é i gcásanna éigeandálaí, amhail smachtbhannaí a chur chun feidhme. Ceanglóidh an Ghníomhaireacht ar 8 gcoibhéis lánaimseartha go bhforbróidh siad an bonneagar TF is gá le haghaidh an lárionaid sin cheana féin in 2025 agus go gcríochnóidh siad é faoi 2027 agus go n- oibreoidh siad é. Beidh gá le 3 choibhéiseach lánaimseartha bhreise faoin gcéad CAI eile.

Tá coinne le cúnamh i gcur chun feidhme Thimpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (ESMWe) ón nGníomhaireacht agus cuirfear 3 choibhéiseach lánaimseartha eile leis chun cúnamh a thabhairt maidir le forbairt na dtacar sonraí ábhartha agus an bhonneagair TF.

Tá coinne leis go gcuirfidh an Ghníomhaireacht leis maidir le cur in úsáid longa uathoibrithe (MASS) trí anailís riosca- bhunaithe breise a dhéanamh agus mar gheall air sin beidh gá le 1 choibhéiseach lánaimseartha amháin sa chéad CAI eile.

Áirítear impleacht bhuiséadach an Rialacháin nua lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 sa SFS atá ann faoi láthair.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa (*ex- ante*)

Leagtar síos rannpháirteachas an Aontais atá ann faoi láthair (cúraimí EMSA) i Rialachán Bunaidh (CE) Uimh. 1406/2002. Thairis sin, le Treoracha iolracha amhail Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE), Treoir (AE) 2019/883 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 maidir le hathchúrsáil longa agus Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé- ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, tugadh cúraimí díreacha nó indíreacha go EMSA.

Ar bhealach comhchosúil, cuirtear san áireamh san athbhreithniú na hathbhreithnithe atá ann faoi láthair ar Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglais stát brataí a chomhlíonadh, Threoir 2009/16/CE maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt, agus Threoir 2009/18/CE lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí san earnáil iompair mhuirí agus Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus le tabhairt isteach pionóis ar sháruithe, lena gcuirfear cúraimí nua le EMSA.

Tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo cúraimí uile na Gníomhaireachta faoi láthair a chur le chéile in aon ghníomh dlíthiúil amháin, agus ról na Gníomhaireachta Eorpaí Iarnróid a leathnú go réimsí eile ina bhfuil údar leis.

An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex- post*)

Cuireadh i dtábhacht breisluach EMSA san athbhreithniú ar an Rialachán i dtéarmaí a róil le córais ar leibhéal an Aontais a óstáil agus a chur chun cinn, amhail SafeSeaNet, THETIS agus, in ainneoin go bhfacthas méadú níos lú ann, an bunachar sonraí EMCIP le haghaidh imscrúdú tionóiscí. Sa chomhthéacs sin, moladh leis an tSeiceáil Oiriúnachta go leanfaí d'inniúlachtaí EMSA a fhorbairt, agus go ndíreofaí ar chórais dhigiteacha, feidhmchláir agus bunachair sonraí EMSA a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh iontu.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Léiríodh breisluach na Gníomhaireachta leis an meastóireacht ar an Rialachán EMSA.

Tá sé mar chuspóir ag an tionscnaimh seo dul i ngleic leis na fadhbanna a sainaithníodh, go háirithe:

Nach léirítear mar is ceart le sainordú EMSA a raon feidhme gníomhaíochtaí atá ann faoi láthair ar tugadh fúthu mar gheall ar riachtanais athraitheacha na hearnála muirí agus creat rialála nua an Aontais sa réimse;

nach léirítear le forálacha riaracháin agus airgeadais an tsainordaithe creat rialála an Aontais is déanaí maidir le rialachas gníomhaireachtaí; agus

Go bhfuil acmhainní EMSA faoi bhrú chun a gcúraimí atá ann faoi láthair agus na cúraimí agus gníomhaíochtaí nua a thagann as riachtanais na hearnála araon a chomhlíonadh, amhail an t- aistriú glas, nó forbairtí reachtacha, amhail an pacáiste sábháilteachta muirí nua.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Is bunsprioc inghnóthaithe é an t- athbhreithniú molta den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, lena leagtar amach fís an Aontais i dtaca le córas iompar na todhchaí. Fógraíodh sa straitéis go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú mór a thosú ar reachtaíocht atá ann cheana, lena n- áirítear sainordú Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí in 2022 (faoi Thionscnamh Suaitheanta 10 - Sábháilteacht agus slándáil iompair a fheabhsú).

Cruthófar sineirgí leis an athbhreithniú a mholtar le roinnt píosaí de chreat rialála an Aontais, go háirithe an Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais stát brataí a chomhlíonadh, Treoir 2009/16/CE maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt, Treoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú tionóiscí agus Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa.

Tá an togra comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil atá ann faoi láthair, cé go mbeidh gá le clársceidealú laistigh de Cheannteideal 1 a mhéid a bhaineann leis an ranníocaíocht bhliantúil le EMSA. Déanfar an méadú i leithreasuithe le haghaidh EMSA a fhritháireamh trí ísliú cúiteach ar chaiteachas clársceidealaithe faoi SCE Iompar (02 03 01) faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Tagraítear le himpleacht bhuiséadach an tionscnaimh seo do na hacmhainní breise a bhfuil gá leo chun na cúraimí nua a leithdháileadh do EMSA tar éis an athbhreithnithe ar roinnt Treoracha, chomh maith leo siúd atá ann cheana a shíneadh. Is iad sin na cúraimí nua de chuid EMSA a bheidh buan, ach ní ísleofar cúraimí atá ann cheana ná ní chuirfear deireadh de réir a chéile leo go páirteach ach oiread. Freagróidh ath- imlonnú an gá breise ar acmhainní daonna, i gcásanna éagsúla, ach i gcásanna eile ní féidir sin a dhéanamh. I gcás cúraimí sínithe níos mó (amhail cúnamh le faireachán a dhéanamh ar na hEagraíochtaí Aitheanta) comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí 2 choibhéiseach lánaimseartha a ath- imlonnú in 2027. Ath- imlonnófar 5 choibhéiseach lánaimseartha eile sa chéad CAI eile chun cúnamh a thabhairt ar chúramaí leathnaithe amhail cúnamh do bhainistiú géarchéime, anailís riosca sábháilteachta le haghaidh treochtaí amach anseo agus tacaíocht ar bhearta ullmhachta le haghaidh suiteálacha ola agus gáis. Ní féidir an gá acmhainní daonna ar na cúraimí eile a chomhlíonadh trí ath- imlonnú, an tráth céanna a chomhlíonfar riachtanais bhuiséadacha breise trí chláir atá ann faoi láthair a bhainistíonn AS MOVE faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair a fhritháireamh. Déanfar an méadú i leithreasuithe le haghaidh EMSA a fhritháireamh trí ísliú cúiteach ar chaiteachas clársceidealaithe faoi SCE Iompar (02 03 01) faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [DD/MM]YYYY go dtí an [DD/MM]YYYY

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaithe idir BBBB agus BBBB, *[neamhbhainteach]*

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[52]**

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún trí

– ☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a shainaithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

| |
|---|
| Déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí bainistíocht ar an Rialachán atá beartaithe agus an Coimisiún Eorpach á fhormhaoirsiú de réir mar is iomchuí. |

---

52 Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

## 2.BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Déantar foráil sa Rialachán maidir le meastóireacht ina measúnaítear, go háirithe, tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht EMSA agus a cleachtas oibre agus ina bhféadfar aghaidh a thabhairt ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann struchtúr, oibríocht, réimse gníomhaíochta agus cúraimí EMSA a mhodhnú, agus ar na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú den sórt sin. Sa bhreis ar an meastóireacht sin, bainfidh an Coimisiún leas as sonraí trína ionadaíocht i gcruinnithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta agus as maoirseacht a dhéanamh air, in éineacht leis na Ballstáit, ar obair EMSA. Ba cheart don Bhord Bainistíochta treoshuíomhanna ginearálta a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus ba cheart dó páirt níos mó a ghlacadh i dtaobh faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, d'fhonn maoirseacht ar chúrsaí riaracháin agus buiséadacha a atreisiú.

Eagróidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin córas faireacháin éifeachtach ionas gur féidir na spriocanna atá bainte amach ag EMSA a chur i gcomparáid lena cuspóirí agus lena cúraimí mar a leagtar síos sa Rialachán seo iad.

Tá gníomhaireachtaí uile an Aontais ag obair faoi dhianchóras faireacháin lena mbaineann inniúlacht iniúchóireachta inmheánaí, Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin, an Bord Riaracháin, an Coimisiún, an Chúirt Iniúchóirí agus an tÚdarás Buiséadach. Leanfar d'fheidhm a bheith ag an gcóras sin mar a leagtar síos i Rialachán bunaidh EMSA.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Tá gníomhaireachtaí uile an Aontais ag obair faoi dhianchóras faireacháin lena mbaineann inniúlacht iniúchóireachta inmheánaí, Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin, an Bord Riaracháin, an Coimisiún, an Chúirt Iniúchóirí agus an tÚdarás Buiséadach. Leanfar d'fheidhm a bheith ag an gcóras sin mar a leagtar síos i Rialachán bunaidh EMSA.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Cé go mbeidh an Coimisiún cuntasach go foriomlán as tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht EMSA agus a gcleachtais oibre, agus as athbhreithnithe a mholadh i gcás inar gá, beidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí freagrach as feidhmíocht a hoibriúcháin agus as cur chun feidhme a chreata rialaithe inmheánaigh.

Eagróidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin córas faireacháin éifeachtach ionas gur féidir na spriocanna atá bainte amach ag EMSA a chur i gcomparáid lena cuspóirí agus lena cúraimí mar a leagtar síos sa Rialachán seo iad. Chun na críche sin, bunóidh sé/sí, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, táscairí feidhmíochta sainoiriúnaithe lena bhféadfar measúnú éifeachtach a dhéanamh ar na torthaí atá bainte amach. Áiritheoidh sé/sí go ndéanfar struchtúr eagrúcháin na Gníomhaireachta a oiriúnú go tráthrialta do na hathruithe a thiocfaidh ar na riachtanais agus é sin laistigh de na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil. A mhéid a bhaineann leis sin, bunóidh sé/sí nósanna imeachta le haghaidh gnáthnósanna imeachta meastóireachta a chomhlíonfaidh caighdeáin ghairmiúla aitheanta.

Cuirfidh AS MOVE na rialuithe is gá i bhfeidhm i gcomhréir leis an straitéis mhaoirseachta a glacadh in 2017 maidir le caidreamh AS le gníomhaireachtaí dí- láraithe agus le comhghnóthais. Faoin straitéis, déanann AS MOVE faireachán ar tháscairí feidhmíochta le haghaidh an buiséad a chur chun feidhme, na moltaí iniúchta agus cúrsaí riaracháin. Soláthróidh an Ghníomhaireacht tuarascáil ar bhonn leathbhliantúil. Tá na rialuithe a dhéanfar ar mhaoirseacht na Gníomhaireachta chomh maith leis an mbainistíocht airgeadais agus bhuiséadach ghaolmhar i gcomhréir le Straitéis Rialuithe AS MOVE, a tugadh cothrom le dáta é in 2022.

Cumhdófar na hacmhainní breise a tugadh do EMSA le córas rialú inmheánach agus bhainistíocht riosca EMSA atá ailínithe leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus lena n- áirítear rialuithe sonracha chun cosc a chur ar choinbhleacht leasa agus chun cosaint sceithirí a áirithiú.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Faoin Rialachán atá beartaithe, soláthrófar maoiniú breise do EMSA amháin a bheidh de cheangal air na cúraimí a leithdháileadh tar éis an athbhreithniú ar Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais stát brataí, Treoir 2009/16/CE maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt, Treoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú tionóiscí agus Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa a dhéanamh.

Tá freagracht iomlán ar EMSA as a mbuiséad a chur chun feidhme, agus tá AS MOVE freagrach as na ranníocaíochtaí arna mbunú ag an Údarás Buiséadach a íoc go tráthrialta. Tá an leibhéal riosca earráide ar íocaíocht agus ar dhúnadh lena bhfuil coinne cosúil leis an leibhéal atá ceangailte leis na fóirdheontais bhuiséid a cuireadh ar fáil don Ghníomhaireacht.

Níl coinne leis go mbeidh rialuithe breise sonracha ann mar thoradh ar na cúraimí breise a thagann ar an Rialachán atá beartaithe. Dá bhrí sin, tá coinne leis go bhfanfaidh an costas rialaithe do AS MOVE (a ndearnadh tomhas air in aghaidh luach na gcistí bainistithe) seasmhach.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Cuireann EMSA i bhfeidhm prionsabail frith- chalaoise na nGníomhaireachtaí AE díláraithe, i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin. I mí an Mhárta 2021, ghlac an Ghníomhaireacht le Straitéis Frith- Chalaoise, bunaithe ar an modheolaíocht agus an treoraíocht le haghaidh straitéis frith- chalaoise a chuir OLAF i láthair chomh maith leis an Straitéis Frith- Chalaoise de chuid AS MOVE. Soláthraítear creat léi a thugann aghaidh ar na saincheisteanna a bhaineann le cosc, brath agus coinníollacha le haghaidh imscrúduithe calaoise ar leibhéal Gníomhaireachta. Oiriúnaíonn agus feabhsaíonn EMSA a bheartais agus a bhearta go leanúnach chun an leibhéal is airde ionracais a chur chun cinn, chun tacú le cosc agus brath éifeachtach ar riosca calaoise agus chun na nósanna imeachta iomchuí a bhunú chun cásanna calaoise féideartha, agus na torthaí a thagann astu, a thuairisciú agus a láimhseáil. Thairis sin, ghlac EMSA a bheartas Choinbhleacht Leasa le haghaidh an Bhoird Bainistíochta in 2015.

Téann EMSA i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin in ábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht a chosc. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar ar aghaidh leis an gcomhar sin agus go neartófar é.

# 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

## 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[53] | ó thíortha de chuid CSTE[54] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[55] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 1 | 02 10 02 | LD | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |

53 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
54 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
55 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | ionchasach a | | |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*[56]

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 1 | An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha |
|---|---|---|

| An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) | | | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: | Gealltanais | (1) | 1.727 | 4.992 | 5.163 | 43.323 | **55.205** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 1.727 | 4.992 | 5.163 | 43.323 | **55.205** |
| Teideal 2: | Gealltanais | (1a) | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | |
| Teideal 3: | Gealltanais | (3a) | 8.012 | 15.097 | 16.007 | 125.833 | **164.949** |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 8.012 | 15.097 | 16.007 | 125.833 | **164.949** |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh EMSA** | Gealltanais | =1+1a +3a | 9.739 | 20.089 | 21.170 | 169.156 | **220.154** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 9.739 | 20.089 | 21.170 | 169.156 | **220.154** |

**Is forbhreathnú táscach é an impleacht bhuiséadach i ndiaidh an CAI atá i bhfeidhm faoi láthair, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo**

56 *Áireofar san achoimre ar thionchar measta ar chaiteachas an tionchar measta iomlán ó na gníomhaíochtaí 1) go 5) ar a dtugtar tuairisc i roinn 1.5.1. Léirítear an tionchar measta ó ghníomhaíochtaí 1) go 4) freisin sna ráitis airgeadais reachtacha aonair a ghabhann leis na tograí reachtacha faoi seach.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ARD- STIÚRTHÓIREACHT: <…….> | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN Ard- Stiúrthóireacht** <…….> | Leithreasuithe | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 9.739 | 20.089 | 21.170 | 169.156 | **220.154** |
| | Íocaíochtaí | 9.739 | 20.089 | 21.170 | 169.156 | **220.154** |

**Is forbhreathnú táscach é an impleacht bhuiséadach i ndiaidh an CAI atá i bhfeidhm faoi láthair, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo**

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe EMSA*

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Méideanna in EUR milliún (go dtí 3 ionad dheachúlacha)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál[57] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[58]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

I gá inarb infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

57 Is éard is aschuir ann táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

58 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna de chuid EMSA*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

Méideanna in EUR milliún (go dtí 3 ionad dheachúlacha) I gcás inarb infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

| | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 1.368 | 4.104 | 4.275 | 35.910 | 45.657 |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | 0.086 | 0.342 | 0.342 | 3.591 | 4.361 |
| Baill foirne ar conradh | 0.273 | 0.546 | 0.546 | 3.822 | 5.187 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | |
| **IOMLÁN** | 1.727 | 4.992 | 5.163 | 43.323 | **55.205** |

**Is forbhreathnú táscach é an impleacht bhuiséadach i ndiaidh an CAI atá i bhfeidhm faoi láthair, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo**

Riachtanais foirne (FTE):

| | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 16 | 24 | 25 | 30 | **30** |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | 1 | 2 | 2 | 3 | **3** |
| Baill foirne ar conradh | 6 | 6 | 6 | 6 | **6** |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | |
| **IOMLÁN** | **23** | **32** | **33** | **39** | **39** |

**Is forbhreathnú táscach é an impleacht bhuiséadach i ndiaidh an CAI atá i bhfeidhm faoi láthair, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo**

Cuirfidh EMSA tús leis an earcaíocht a ullmhú a luaithe is a ghlacfar an togra. Meastar na costais bunaithe ar an toimhde go n- earcófar na 23 choibhéiseach lánaimseartha ón 1 Iúil 2025 ar aghaidh. Mar sin de níl gá ach le 50 % de na costais AD don chéad bhliain.

3.2.3.2. Ceanglais mheasta na n- acmhainní daonna a mheastar don (mháthair)- Ard- Stiúrthóireacht

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[59] | | | | | | | |
| 20 02 01 (CA, SNE, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | |
| 20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| Líne/línte buiséid (sonraigh)[60] - sa cheanncheathrú[61] | | | | | | | |
| Líne/línte buiséid (sonraigh)[60] - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| **01 01 01 02** (CA, SNE, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |

59 AC = Foireann ar Conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

60 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

61 Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe go príomha.

| IOMLÁN | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

Ba cheart tuairisc ar ríomh na gcostas le haghaidh aonaid FTE a áireamh in Iarscríbhinn V, roinn 3.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☑ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Beidh gá le clársceidealú na líne buiséid don ranníocaíocht bhliantúil leis na cúraimí a leithdháileadh do EMSA (02 10 02) faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair. Déanfar an méadú i leithreasuithe le haghaidh EMSA a fhritháireamh trí ísliú cúiteach ar chaiteachas clársceidealaithe faoi SCE Iompar (02 03 01) faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair. Is forbhreathnú táscach é an impleacht bhuiséadach i ndiaidh an CAI atá i bhfeidhm faoi láthair, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[62].

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

62 Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2093/2020 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 ina leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil i gcomhair na mblianta 2021 go 2027.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[63] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imreofar tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

63 Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.